



# OIFIG AN STIÚRTHÓRA UM GHNÓTHAÍ TOMHALTÓIRÍ



TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2006

**Clár Ábhair**

1.	Cuspóirí Straitéiseacha & Ráiteas Misin OSGT	2
2.	Réamhfhocal	3
3.	Comhshaol Tomhaltóirí Athraithe	5
4.	Cur i bhfeidhm na Reachtaíochta Tomhaltóirí	8
5.	Sábháilteacht Táirgí	20
6.	Creidmheas Tomhaltais	25
7.	Cumarsáid	28

**Aguisíní**

I.	Caingne Cúirte	32
II.	Imscrúduithe curtha i bhfeidhm	35
III.	Camscéimeanna – roinnt samplaí	36
IV.	Fógraí / Aisghairmeacha Sábháilteachta Táirgí	37
V.	Seirbhísí Corparáideacha & Ráiteas Airgeadais	39
VI.	Reachtaíocht Tomhaltóirí a chuireann OSGT i bhfeidhm	42



## 1. CUSPÓIRÍ STRAITÉISEACHA OSGT

- A gcearta a chur in iúl do thomhaltóirí
- Deimhin a dhéanamh de reachtaíocht cosanta tomhaltóirí a chur i bhfeidhm chomh héifeachtach agus is féidir agus an reachtaíocht seo a chomhlíonadh, chomh maith le páirt a ghlacadh i bhforbairt reachtaíochta nua
- A n-oibleagáidí do na tomhaltóirí a chur in iúl do ghnóthaí chun deimhin a dhéanamh de go gcomhlíonann siad na hoibleagáidí seo

### Ráiteas Misin

Reachtaíocht tomhaltóirí a chur i bhfeidhm laistigh de théarmaí tagartha na heagraíochta agus leasa tomhaltóirí a chur chun cinn.



## 2. RÉAMHFHOCAL

Tá an-chuid athruithe á chur i bhfeidhm faoi láthair in Éirinn maidir le cosaint tomhaltóirí, de bharr an Achta um Chosaint Tomhaltóirí a achtaíodh in Aibreán 2007 agus na Gníomhaireachta Náisiúnta do Thomhaltóirí (GNT) nua a bunaíodh ar bhonn reachtúil mar thoradh ar an Achta seo, a tháinig in éifeacht ar an 1ú Bealtaine 2007.

Tháinig na hathruithe uileghabhálacha is mó ar reachtaíocht tomhaltóirí le linn 30 bliain anuas de bharr an Achta um Chosaint Tomhaltóirí seo. Nuashonraítear agus nuachóirítear dlíthe tomhaltóirí san Acht seo, tugtar cosaint i bhfad níos fearr do thomhaltóirí, soláthraítear roghanna breise cumhachtacha forfheidhmiúcháin, agus gearrtar pionóis mhóra ar ghnóthaí go gcuirtear cionta ina leith.

Soláthraítear eolas ar ghníomhaíochtaí Oifig an Stiúirthóra um Ghnóthaí Tomhaltóirí (OSGT) ó 2006 sa Tuarascáil seo. Ón 1ú Bealtaine 2007 ar aghaidh, is cuid den GNT í OSGT. Sular cuireadh an reachtaíocht seo i bhfeidhm, bhí an GNT ag feidhmiú ar bhonn eatramhach le foireann conartha roinnt bheag ann. D'oibrigh bainistíocht agus foireann OSGT, agus an Gníomhaireacht eatramhach as lámha a chéile le linn na bliana seo caite chun ullmhúcháin a dhéanamh sular bunaíodh an Gníomhaireacht go hoifigiúil. Fuair an Gníomhaireacht oiliúint agus saineolas fíorluachmhar ón OSGT. Chabhraigh an Oifig go mór freisin le feachtais a fhorbairt do na meáin chumarsáide uile agus le láithreán gréasáin nua an GNT a fhorbairt chomh maith ([www.consumerconnect.ie](http://www.consumerconnect.ie)). Le linn na bliana seo caite in OSGT, rinneadh a lán oibre chomh maith ar phointí difriúla a chur i bhfeidhm chun deacrachtaí a sheachaint agus an OSGT a ionchorprú sa GNT.

Mar Stiúirthóir um Ghnóthaí Tomhaltóirí, rinne mé iarracht an reachtaíocht a chomhlíonadh trí bhrú a chur ar ghnóthaí é seo a dhéanamh go deonach más iomchuí. Níl eagla orm áfach é seo a dhéanamh tríd na Cúirteanna, más gá. Cé go gcomhlíonann an cuid is mó de ghnóthaí an reachtaíocht a bhaineann le tomhaltóirí de ghnáth, bíonn díomá orm nuair a fheicim roinnt trádálaithe a thugann neamhaird ar thomhaltóirí agus a bhriseann an dlí i gcónaí. Sna cásanna seo, bíonn ar an Oifig cionta cúirte a lorg. Tá sonraí ar fáil ar na cásanna seo in Agusín I.

Méadaíodh ar na fineálacha is airde go mór i 2005, go €3,000 i leith gach cionta a ciontaíodh go hachomair sa Chúirt Dúiche. Don chuid is mó áfach, ní eiseíonn na Cúirteanna ach méid beag fineálacha. Le cur i bhfeidhm an Achta um Chosaint Tomhaltóirí, beidh cumhachtaí forfheidhmiúcháin níos leithne ag an nGníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí, mar shampla, beidh sé de cheart aici fógraí íocaíochta socraithe (fineálacha “ar an láthair”) a eisiúint i leith cionta áirithe. Táim dóchasach go ndéanfaidh na Cúirteanna fineálacha a eisiúint bunaithe ar an gcomhshaol reachtaíochta nua seo nuair a bheidh orainn cásanna a thabhairt os comhair na Cúirteanna agus nuair a chuirfear cionta i leith daoine.

I 2006, rinne OSGT breis is 7,000 imscrúdú ar shárúithe líomhanta a bhain le reachtaíocht tomhaltóirí (féach Agusín II). Bhain an chuid is mó de na himscrúduithe seo le gníomhaíochtaí réamhghníomhacha na hOifige agus bhain na himscrúdaithe eile leis an obair a rinneadh chun déileáil le gearáin ón bpobal.

Ag féachaint chuig an todhchaí, déanfaidh an Gníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí a dícheall i gcónaí chun reachtaíocht tomhaltóirí a chur i bhfeidhm. Tá obair leanúnach á dhéanamh freisin ar chur chuige atá bunaithe ar an riosca a fhorbairt, chun déileáil le gearáin a seoladh isteach chun deimhin a dhéanamh de go n-úsáidfean an reachtaíocht nua do chúiseanna forfheidhmiúcháin chomh héifeachtach agus is féidir, bunaithe ar na hachmhainní ar fáil. Déanfaimid níos mó comhoibre le gnóthaí, chun deimhin a dhéanamh de leasanna tomhaltóirí a chosaint trí fhorbairt bhreise a dhéanamh ar na socraíochtaí idirchaidrimh atá ann le príomh-mhiondíoltóirí agus le comhlachtaí ionadaíochta. Foilsíodh láithreán gréasáin corparáideach le déanaí ([www.nca.ie](http://www.nca.ie)), a sholáthraíonn eolas do ghnóthaí ar an reachtaíocht atá ann faoi láthair agus ar an reachtaíocht atá beartaithe. Ba mhaith linn freisin obair a dhéanamh le gnóthaí chun an chumhacht a bhaineann le Cóid Iompraíochta a fhorbairt agus chun scéimeanna a athbhunú le linn na blianta seo chugainn.



Le linn na blianta fada anuas, rinneadh a lán oibre ar ghníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin sna hearnálacha seo a leanas: miondíol / áitribh cheadúnaithe agus lónadóireacht. Rinneadh an chuid is mó de na himscrúdaithe ar an láthair ar áitribh sna hearnálacha seo. Leanfar ar aghaidh leis an obair seo sa todhchaí ach bunófar na himscrúdaithe seo, a dhéanann foireann fhorfheidhmiúcháin na Gníomhaireachta, ar riosca i slí níos déine ná cheana. Tá an-áthas orainn faoi na huirlisí forfheidhmiúcháin breise a leagadh amach sa reachtaíocht nua, lena n-airítear an chumhacht a tugadh di fógraí íocaíochta socraithe a eisiúint do chionta a bhaineann le taispeántas praghais agus an chumhacht nua a tugadh di gnóthaí fánacha a “ainmniú agus a aithisiú” – úsáidfear na huirlisí seo in ionad cásanna a ionchúiseamh tríd na Cúirteanna nó roimh na cásanna seo a ionchúiseamh tríd na Cúirteanna. Tá roinnt ghnóthaí ann áfach nach bhfuil suim ar bith acu glacadh le reachtaíocht tomhaltóirí agus tá sé beartaithe ag an nGníomhaireacht an fhadhb seo a réiteach go héifeachtach.

Déantar acmhainní breise a atreorú chuig earnálacha ina mbíonn a lán deacrachtaí ag tomhaltóirí (m.sh. nuair a chailleann tomhaltóirí a lán airgid, nó na mílte euro de bharr camscéimeanna agus cleachtas éagórach agus míthreorach). Le linn na bliana seo caite, mar shampla, rinneadh a lán oibre chun déileáil le saincheisteanna a bhain leis an earnáil teileachumarsáide, i dteannta leis an Rialaitheoir Cumarsáide (ComReg). Tá obair á dhéanamh fós ar “théarmaí éagóracha” a leagadh amach i gconarthaí tomhaltóirí in earnálacha difriúla. Tá súil againn go n-éireoidh linn na deacrachtaí seo a réiteach go sásúil, i gcomhoibriú leis na comhlachtaí difriúla nó tríd na cúirteanna, le linn na míosa seo chugainn. Rinneadh a lán oibre le linn na míosa deiridh de 2006 maidir le clogáil cairr. Leanfaidh an obair seo ar aghaidh i 2007 le foilsiú eolaí do thomhaltóirí agus le feachtas forfheidhmiúcháin sonraithe. Táimid ag ullmhú freisin don chomhshaol reachtaíochta nua, a thabharfaidh cumhacht don GNT roinnt chleachtas tráchtála éagóracha agus mhíthreoracha difriúla a réiteach.

I 2006, tháinig méadú arís eile ar an méid glaonna a cuireadh ar líne chabhrach OSGT. Déileáladh le breis is 37,000 glao, méadú de 8% i gcomparáid le 2005. Bhí breis eolais á lorg ag an gcuid is mó de na glaoiteoirí seo – rinne an Oifig imscrúdú ar timpeall is 5% de na glaonna seo. Cuireadh 28,000 glao breise ar ionad glaonna na GNT. Is soiléir ón méid glaonna a cuireadh ar an dá líne chabhrach go bhfuil comhairle agus tacaíocht á lorg ag tomhaltóirí.

Le linn 2006, lean OSGT ar aghaidh ag soláthar comhchistí don Lárionad Eorpach do Thomhaltóirí (LET), i dteannta leis an gCoimisiún Eorpach. Soláthraíonn an LET eolas agus cúnamh do thomhaltóirí Éireannacha go mbíonn deacrachtaí acu thar lear agus do thomhaltóirí ó thíortha thar lear go mbíonn deacrachtaí acu le miondíoltóirí in Éirinn.

Ceapadh Stiúrthóir nua le linn na bliana deireanaigh. D'oibrigh Carmel Foley mar Stiúrthóir ó dheireadh na nóchaidí go dtí tús 2006 nuair a d'éirigh sí as an bpost chun post nua a thógáil ar Choimisiún Ombudsman an Gharda Síochána. D'oibrigh an Leas-Stiúrthóir, John Shine, mar Stiúrthóir idirthréimhseach ar feadh tréimhse sé mhí. San idirlinn, ceapadh mise mar Chathaoirleach Feidhmeannaigh ar bhord eatramhach na Gníomhaireachta Náisiúnta do Thomhaltóirí i mBealtaine 2006 agus mar Stiúrthóir um Ghnóthaí Tomhaltóirí i Lúnasa 2006 ina dhiaidh sin. Tar éis don nGníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí a bhunú ar bhonn reachtúil ar an 1ú Bealtaine 2007, ceapadh mise mar Phríomhfheidhmeannach gníomhach na Gníomhaireachta.

Ba mhaith liom buíochas speisialta a ghabháil le foireann sean-Oifig an Stiúrthóra um Ghnóthaí Tomhaltóirí, atá ag obair anois don GNT, agus atá fós ag déanamh a dícheall chun reachtaíocht tomhaltóirí a chur i bhfeidhm. Cabhraíonn siad go mór leis an nGníomhaireacht a cuspóirí dúshlánacha a chomhlíonadh. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leis an Aire Micheál Martin agus le foireann na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta as a dtacaíocht le linn na bliana.

Ann Fitzgerald

**Stiúrthóra um Ghnóthaí Tomhaltóirí**  
**An Gníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí**

31 Iúil 2007



### 3. COMHSHAOL TOMHALTÓIRÍ ATHRAITHE





### 3. COMHSHAOL TOMHALTÓIRÍ ATHRAITHE

#### Leasú ar Reachtaíocht Bhaile

Ritheadh an tAcht um Chosaint Tomhaltóirí san Oireachtas in Aibreán 2007. Déanann an reachtaíocht seo a leanas

- an Gníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí a ainmniú mar gníomhaireacht reachtaíochta
- dlíthe tomhaltóirí na hÉireann a nuashonrú agus a nuachóiriú
- éifeachtacht a thabhairt do Threoir an AE ar Chleachtais Tráchtála Éagóracha.

Ó bunaíodh OSGT i 1978, tá a lán oibre déanta aici chun leasanna tomhaltóirí a chosaint. Feidhmíonn OSGT mar chuid den Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta – bhí an Oifig freagrach ach go háirithe as reachtaíocht tomhaltóirí a chur i bhfeidhm agus as eolas a sholáthar do thomhaltóirí. Is é ceann de na moltaí is tábhachtaí a bhí ag an nGrúpa Straitéise Tomhaltóirí ná gur gá gníomhaireacht tomhaltóirí a bhunú agus cumhachtaí éifeachtacha agus leathnaithe a thabhairt di. Bunaíodh gníomhaireacht tomhaltóirí bunaithe ar an Reachtaíocht Chosanta Tomhaltóirí seo – is gníomhaireacht Stáit neamhspleách í an Gníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí le Bord agus le Príomhfheidhmeannach aici féin. Tabharfaidh an GNT a lán tacaíochta do thomhaltóirí agus déanfaidh sí leasanna tomhaltóirí a léiriú nuair a dhéanfar beartais a cheapadh. Ina theannta sin, déanfaidh sí taighde a bhaineann le saincheisteanna tomhaltóirí a choimisiúnú / a stiúradh agus a fhoilsiú. Beidh sí freagrach freisin as feachtas phoiblí a chur chun cinn agus as feachtas eolais, gníomhaíochtaí oideachais agus tionscnaimh a stiúradh. Cabhraíonn an GNT le gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin OSGT a chur i bhfeidhm chomh maith.

Tá an tAcht Cosanta Tomhaltóirí thuasluaite freagrach as an leasú is uileghabhálaí a chur i bhfeidhm maidir le reachtaíocht tomhaltóirí le linn 30 bliana anuas. Déantar 9 reacht a aisghairm agus 9 gcinn nua a bhunú san Acht – bhí an reacht is sine ann ó na 1880í. Tugann an reachtaíocht seo cosaint reachtúil do thomhaltóirí trí chleachtais tráchtála éagóracha, mhíthreoracha agus ionsaitheacha a leagadh amach mar chleachtais neamhdhleathacha. Ina theannta sin, tugtar uirlisí forfheidhmiúcháin cumhachtacha breise don GNT de bharr na reachtaíochta nua seo, mar shampla, tugtar cead di orduithe toirmisc a lorg sna Cúirteanna; glacadh le gealltanais fhoirmiúla ó mhiondíoltóirí; fógraí géilliúlachta a eisiúint; fógraí íocaíochta socraithe a chur i bhfeidhm de bharr cionta a bhaineann le taispeántas praghaís. Ina theannta sin, tugtar cead di comhlachtaí a “ainmniú agus a aithisiú” trí ainmneacha Miondíoltóirí a fhoilsiú ar liosta cosanta tomhaltóirí. Leagtar amach forálacha nua chomh maith maidir le scéimeanna Díola Pirimide. Ina theannta sin, tugtar cead reachtúil don nGníomhaireacht cóid chleachtais a chur chun cinn / a cheadú agus tugtar cead di dlúthobair a dhéanamh le rialaitheoirí earnála agus le gníomhaireachtaí Stáit eile.

Rinne OSGT / an GNT tairiscintí ar roinnt mhór saincheisteanna chun go mbeadh an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta in ann breithniú a dhéanamh orthu agus iad a chur san áireamh sa Reachtaíocht Cosanta Tomhaltóirí nua. D'oibrigh OSGT / an GNT agus an Roinn as lámha a chéile chun an reachtaíocht seo a leagadh amach. Rinne siad teagmháil leis an Roinn chomh maith maidir le reachtaíocht a bhaineann le taispeántas praghaís. Táimid ag fanacht ar thairiscintí reachtaíochta ó phróiseas comhairliúcháin poiblí na Roinne ón bhFómhar 2006.

#### An Gníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí

Thosaigh an Gníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí ag feidhmiú ar bhonn eatramhach i 2005. Le linn 2006, d'oibrigh an Gníomhaireacht agus OSGT as lámha a chéile chun ullmhú don timpeallacht reachtaíochta nua. Rinne an GNT a lán oibre chun cearta tomhaltóirí a chur in iúl do dhaoine le ionad glaonna GNT a oscailt (Teil : 1890 432 432), feachtais na meáin chumarsáide agus láithreán gréasáin nua a fhorbairt do thomhaltóirí ([www.consumerconnect.ie](http://www.consumerconnect.ie)). Chabhraigh an Gníomhaireacht go mór le tomhaltóirí maidir le roinnt mhór saincheisteanna, lena n-áirítear comhlachtaí bainistíochta réadmhaoine, fuinnimh agus árachais sláinte.



## COMHSHAOL TOMHALTÓIRÍ ATHRAITHE

### Treoir ar Chleachtais Tráchtála Éagóreacha

Bunaíodh an Treoir AE ar Chleachtais Tráchtála Éagóreacha (TCTE) chun cosaint tomhaltóirí níos comhchuí a bhaint amach ar fud an AE. Trasuíonn an tAcht Cosanta Tomhaltóirí an Treoir seo sa dlí agus déantar tomhaltóirí a chosaint ar raoin chleachtais éagóreacha nua.

Tá rialacháin ghinearálta i bhfeidhm a chuireann cosc ar chleachtais tráchtála éagóreacha. Cuireadh na rialacháin seo i bhfeidhm chun déileáil le deacrachtaí a bhíonn ag tomhaltóirí nuair a theipeann ar mhiondíoltóir rud a dhéanamh le hintinn mhaith nó nuair a theipeann air/uirthi caighdeáin scileanna agus chúraim ghinearálta a chomhlíonadh. Féadtar úsáid a bhaint as an bhforáil seo chun dul i ngleic le cleachtais tráchtála nua nach gcuirtear san áireamh i bhforálacha sonracha a leagtar amach i reachtaíocht tomhaltóirí nó chun dul i ngleic le cleachtais a dhéanann miondíoltóirí gan ucht agus gan anam a leagadh amach le rún daingean, chun an reachtaíocht seo a sheachaint.

Cuirtear cosc ar chleachtais tráchtála mhíthreoracha, nuair a thugtar eolas bréagach nó míthreorach do thomhaltóirí nó nuair a chuirtear tomhaltóirí amú de bharr eolais ábharach easnamhach.

Cuireann an reachtaíocht cosc ar chleachtais tráchtála ionsaitheacha chomh maith. Úsáidtear an téarma seo chun cur síos a thabhairt ar chiapadh, comhéigean nó tionchar míchuí ar thomhaltóirí, lena n-airítear bearta díolacháin ionsaitheacha agus na cleachtais a úsáidtear chun leas a bhaint as tomhaltóirí leochaileacha.

Tá liosta fada ar fáil freisin de na cleachtais ar fad a chuirtear cosc orthu i ngach cás, lena n-airítear feachtais duaise mura mbíonn duais ar fáil nó nuair a bhíonn ar thomhaltóirí íocaíocht a dhéanamh roimh an duais a bhailiú; glaonna fuara leanúnacha gan iarraidh; éilimh bhréagacha a léiríonn go bhfuil miondíoltóir ag aistriú go háitreabh nua nó ag tarraingt siar óna g(h)nó; éilimh bhréagacha a léiríonn go bhfuil táirge in ann galair a leigheas, agus araile.

### Forfheidhmiú Trasteorann

Tháinig an Rialachán AE um Chomhoibriú Cosanta Tomhaltóirí (CCT) in éifeacht ar an 29ú Nollaig 2006. Forálann an reachtaíocht seo do chomhroinnt eolais agus do chomhoibriú forfheidhmiúcháin trasteorann idir Ballstáit an AE. Tugtar cumhacht freisin do na húdaráis fhorfheidhmiúcháin brú a chur ar a gcontrapháirteanna ar fud an AE reachtaíocht a chur i bhfeidhm. Tugann sé cead don GNT cúnamh a lorg agus a fháil ó na húdaráis fhorfheidhmiúcháin i mBallstáit AE eile maidir le sárúithe trasteorann in earnálacha difriúla a leagtar amach i 14 Treoir AE, lena n-airítear fógraíocht mhíthreorach, saoirí láneagraithe, uainsciar agus ciandíolachán. Ar an gcuma chéanna, cuirtear ina oibleagáid é ar an nGNT cúnamh a thabhairt do na húdaráis fhorfheidhmiúcháin i dtíortha AE eile nuair a tharlaíonn sárúithe dá leithéid in Éirinn. Beidh na cumhachtaí céanna ag údaráis fhorfheidhmiúcháin eile in Éirinn maidir lena n-earnálacha féin, lena n-airítear an Rialaitheoir Airgeadais, Ombudsman Airgeadais agus Coimisiún Craolacháin na hÉireann.





## 4. CUR I BHFEIDHM NA REACHTAÍOCHTA TOMHALTÓIRÍ





## 4. CUR I BHFEIDHM NA REACHTAÍOCHTA TOMHALTÓIRÍ

**Beartas Forfheidhmiúcháin** Iarann OSGT ar chomhlachtaí, reachtaíocht tomhaltóirí a chur i bhfeidhm go deonach nuair is féidir leo. Rinne an Oifig iarracht é seo a bhaint amach trí roinnt chuir chuige difriúla:

- socraíochtaí teagmhála gníomhacha le miondíoltóirí móra, ilstórtha, grúpaí siombaile agus araile,
- obair a dhéanamh le comhlachtaí ionadaíochta chun feabhas a chur ar chomhlíonadh,
- feasacht a spreagadh trí suirbhéanna aonracha a dhéanamh ar leibhéal chomhlíonta,
- eolas a sholáthar ar reachtaíocht tomhaltóirí, agus
- spreagadh a thabhairt do chóid chleachtais agus tacaíocht a sholáthar dóibh.

Nuair a theip ar OSGT comhlíonadh deonach a bhaint amach, bhí an Stiúrthóir in ann an cás a thabhairt os comhair na cúirte chun comhlíonadh a bhaint amach. Cuirfidh an GNT béim leanúnach ar chomhlíonadh a bhaint amach go deonach, nuair is iomchuí, ach bainfidh sí úsáid as na huirlisí forfheidhmiúcháin difriúla atá ar fáil faoi láthair nuair is gá leo.

### Socraíochtaí Teagmhála

Le linn roinnt blianta anuas, tá socraíochtaí teagmhála á dhéanamh ag OSGT le comhlachtaí tábhachtacha san earnáil mhiondíola agus le comhlachtaí ionadaíochta chomh maith. Tá foireann OSGT i dteagmháil le baill foirne áirithe sna heagraíochtaí seo agus bíonn cruinnithe duine le duine acu go rialta. Mar thoradh ar seo, tá caidrimh oibre maithe idir Oifig agus gnóthaí agus tugtar seans do dhaoine eolas a chomhroinnt agus iarracht a dhéanamh deacrachtaí a d'fhéadfadh a bheith i gceist a réiteach. Cuireann sé seo go mór le leasanna tomhaltóirí a chosaint agus a chur chun cinn. Ag deireadh 2006, bhí 25 socraíocht teagmhála curtha i bhfeidhm agus ag feidhmiú i gceart.

### Méadú ar Phionóis Airgeadais

In Iúil 2005, tháinig reachtaíocht in éifeacht a fhorálann d'fhíneáil de €3,000 a eisiúint nuair a dhéantar sárú a chiontú go hachomair de bharr roinnt reachtaíochta difriúla. Roimhe sin, ní raibh ar dhaoine ach uasfhíneálacha ísle de €127 / €635 a íoc. Cé go bhfuil na Cúirteanna in ann fíneálacha níos airde a dháileadh amach, ní eisítear ach fíneálacha ísle don chuid is mó i gcás ciontuithe. De réir an Achta um Chosaint Tomhaltóirí, is féidir leis na Cúirteanna fíneálacha de €5,000 nó níos lú a dháileadh amach nuair a dhéantar duine a chiontú in athuair go hachomair.

### Reachtaíocht Cosanta Tomhaltóirí

Bhí OSGT freagrach as 70 acht a bhain le reachtaíocht tomhaltóirí a chur i bhfeidhm. Tá tosaíochtaí forfheidhmiúcháin na hOifige bunaithe ar na blianta fada taithí agus traidisiúin (mar thoradh ar seo, déantar a lán oibre sna hearnálacha seo a leanas: grósaeireacht / tithe tábhairne agus lónadóireacht); na gearáin a seoladh isteach agus gníomhaíochtaí réamhghníomhacha na hOifige. Mar a leagtar amach sa Réamhfhocal, cuirfidh an GNT a lán béime ar obair réamhghníomhach sa todhchaí, sna hearnálacha ina mbíonn na fadhbanna is mó ag tomhaltóirí ach go háirithe. Déantar é seo ach go háirithe toisc na cumhachtaí nua a chuirtear ar fáil de bharr an Achta um Chosaint Tomhaltóirí nua.

Sa chuid eile den Chaibidil seo, tugtar cur síos ar na hearnálacha reachtaíochta tomhaltóirí go ndearna OSGT roinnt oibre iontu le linn 2006.

### 1. An tAcht um Chosaint Tomhaltóirí, 1978

Chuir an tAcht um Chosaint Tomhaltóirí cosc ar dhaoine ráitis bhréagacha nó mhíthreoracha a dhéanamh maidir le hearraí, seirbhísí nó praghsanna agus ba é ceann de na hachtanna is tábhachtaí a chuir OSGT i bhfeidhm. Bhí an Oifig freagrach as an chuid is mó de himscrúduithe réamhghníomhacha a bhaineann leis an ábhar seo (in ionad imscrúduithe a dhéanamh ar iarratais tomhaltóirí) ina raibh taispeántais praghais mhíthreoracha agus fógraíocht mhíthreorach i gceist. Le linn 2006, rinneadh breis is 900 imscrúdú. Nuair a cheap OSGT gur theip ar mhiondíoltóirí a n-oibleagáidí a chomhlíonadh i gceart, d'éirigh léi an chuid is mó de na sárúithe seo a réiteach gan iad a thabhairt os comhair na Cúirte.



### 1.1 Taispeántais praghais mhíthreoracha:

Chuir Alt 7 den Acht um Chosaint Tomhaltóirí cosc ar thaispeántais praghais bhréagacha nó mhíthreoracha. Rinne OSGT imscrúdú ar 485 cás mar seo le linn na bliana. Rinneadh 455 de na himscrúduithe seo bunaithe ar ghearáin a seoladh isteach chuig an Oifig. Rinne OSGT na himscrúduithe eile uaithi féin. Bhain an méid gearán is mó leis an earnáil ghrósaeireachta agus éadaigh. Rinneadh imscrúdú ar gach gearán agus d'éirigh le hOSGT an reachtaíocht iomchuí a chur i bhfeidhm sa chuid is mó de na cásanna gan iad a thabhairt os comhair na Cúirte. Rinneadh cúig chás a ionchúiseamh le linn na bliana agus ciontaíodh daoine i 2 chás. Chuir na Cúirteanna deireadh le trí chás, tugadh airgead do charthanais áitiúla i gcás 2 ionchúiseamh díbh sin. Bhí 2 chás eile fós le réiteach ag deireadh 2006.

### 1.2 Fógraíocht mhíthreorach:

Chuir Alt 8 den Acht um Chosaint Tomhaltóirí, 1978 cosc ar fhógraí a fhoilsiú a chuirfeadh an phobal amú d'oiread ábhartha. Le linn na bliana, rinne OSGT imscrúdú ar 288 cás a bhain le fógraíocht mhíthreorach. Bhain na himscrúduithe seo le catagóirí difriúla ach bhí na deacrachtaí is mó san earnáil teileachumarsáide.

### 1.3 Teileachumarsáid:

I 2006, fuarthas a lán gearán ó thomhaltóirí maidir leis an earnáil teileachumarsáide. Bhain na gearáin seo le seirbhísí línte teileafóin seasta agus teileafóin phóca, soláthar idirlín, lena n-áirítear leathanbhanda, chomh maith le seirbhísí teilifíse. Seo a leanas roinnt de na gearáin seo:

- nuair a theipeann ar thomhaltóirí seirbhís a fháil laistigh de 30 lá mar a leagtar amach faoi na Rialacháin um Chiandhiól agus nuair a bhíonn deacrachtaí acu ansin an conradh a chealú
- nuair a theipeann ar chustaiméirí na téarmaí agus coinníollacha a fháil
- bíonn fadhbanna ag tomhaltóirí nuair a theastaíonn uathu aistriú go soláthraí seirbhíse nua
- táillí fánaíochta
- taispeántas praghais míthreorach agus fógraíocht mhíthreorach i gcás seirbhísí fánaíochta
- ní luaitear na praghsanna go soiléir i gcás gnéithe móibíleacha
- billí (de bhreis ar an bpacáiste a fógraíodh) agus táillí a theipeann ar an gcomhlacht a mhiondealú, ar an gcéad bhille ach go háirithe
- deacrachtaí le socraíochtaí dochair dhíriú, agus
- teorainneacha úsáide neamhluaithe i gcás pacáistí áirithe.

Toisc an méid gearán a seoladh isteach chuig OSGT maidir le fadhbanna a bhain leis an earnáil telecom, bhí roinnt cruinnithe déthaobhacha ag an Oifig le roinnt oibrítheoirí difriúla chun na hachtanna reachtaíochta difriúla a phlé agus chun feabhas a chur ar chomhlíonadh reachtaíochta. Ina theannta sin, bhí roinnt chruinnithe idir an Oifig agus an Rialaitheoir Cumarsáide, ComReg. Ghlac an Oifig páirt freisin i gcomhdháil a eagraíodh don earnáil teileachumarsáide i Samhain 2006. D'fhreastail ionadaithe ó 49 oibrítheoir telecom ar an gcomhdháil seo.

## 2. An tAcht um Mharcanna Marsantachta 1887

De réir Ailt 2 den Acht um Mharcanna Marsantachta 1887, arna leasú ag Alt 4 den Acht um Fhaisnéis do Thomhaltóirí 1978, is cion é

- tuairisc thrádála bhréagach a leagadh amach i gcás táirge áirithe
- táirge a chur ar díol i gcás gur leagadh amach tuairisc thrádála bhréagach dó, agus
- táirge a dhíol i gcás gur leagadh amach tuairisc thrádála bhréagach dó.

Sáraítear an reachtaíocht seo mar shampla nuair a dhéantar an t-odaiméadar i gcarr athlámhe a bhogadh chun míleáiste níos ísle a thaispeáint (“Clogáil Cairr”) nó nuair a dhéantar deochanna a thruaillmheascadh (“caolaithe le huisce”). Le linn 2006, rinne OSGT 64 imscrúdú ar sháruithe líomhanta san earnáil reachtaíochta seo.



## 2.1 Clogáil Cairr

De réir fianaise starógach, déantar an t-odaiméadar a bhogadh i roinnt mhór carranna athláimhe. Le linn 2006, rinne OSGT 50 imscrúdú ar chásanna ina d'fhéadfadh clogáil cairr a bheith i gceist. Rinneadh an chuid is mó de na himscrúduithe seo bunaithe ar ghlaonna a cuireadh ar líne chabhrach OSGT. Cuireadh 48 glaoch breise ar an líne chabhrach ach níor soláthraíodh dóthain eolais chun a bheith in ann imscrúdú a dhéanamh ar na gearáin. As 50 imscrúdú gur cuireadh tús leo, ní rabhamar in ann leanúint le 34 de na himscrúduithe toisc nach raibh go leor fianaise ar fáil, gur dhún an miondioltóir a g(h)nó nó gur tháinig deireadh le Reacht na dTréimhsí (18 mí) roimh an dáta a seoladh an gearán chuig an Oifig.

D'éirigh linn comhlacht amháin a ionchúiseamh i nDeireadh Fómhair 2006 agus táimid fós ag feitheamh ar thoradh na n-imeachtaí i ndhá chás eile. Tar éis don mhiondioltóir a ionchúiseamh, chuir an Stiúirthóir deireadh le húdarú Idirghabhálaithe Creidmheasa an mhiondioltóra.

## Tionscnamh ar Chlogáil Cairr

Toisc na fadhbanna móra a bhíonn ag tomhaltóirí a cheannaíonn carr clogáilte, an méid mór carranna ina dhéantar an t-odaiméadar a bhogadh agus na deacrachtaí a bhí ag an Oifig roimhe seo na himscrúduithe a chur chun cinn, bunaíodh grúpa oibre intí ag deireadh 2006 chun réiteacha difriúla a phlé maidir leis an saincheist seo.

Tá roinnt tionscnaimh i bhfeidhm faoi láthair, lena n-airítear leabhrán a fhoilsiú (“Conas Carr a Cheannach”) le heolas praiticiúil do thomhaltóirí agus carr athláimhe á cheannach acu – féadtar an leabhrán seo a íoslódáil ó láithreán gréasáin na GNT ([www.consumerconnect.ie](http://www.consumerconnect.ie)) nó féadtar cóipeanna a fháil trí ghlaoch a chur ar uimhir íosghlao na GNT 1890 432 432. Ba mhaith linn ach go háirithe eolas a fháil ó dhaoine a cheannaigh nó a d'fhéach ar charr clogáilte nó a bhfuil eolas acu gur féidir linn a úsáid. Tháinig méadú tábhachtach ar an méid gearán agus iarratas a seoladh isteach chuig an Oifig. Déanann an Oifig imscrúdú ar na cásanna seo nó atreoraítear iad chuig na Gardaí más iomchuí. I ndiaidh athbhreithnithe a dhéanamh ar na cásanna ar fad go ndearna an Oifig imscrúdú orthu ó 2001 ar aghaidh, cuireadh aithne ar roinnt saincheistanna gur gá díospóireacht a dhéanamh orthu anois leis na geallsealbhóirí is tábhachtaí agus leis na Ranna Rialtais iomchuí (lena n-airítear na Gardaí, na Coimisinéirí Ioncaim / údarais Chustaim, an tAonad Clárúcháin Feithiclí, An Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil, Oifig na gCaihdheán Trádála san RA agus i dTuaisceart na hÉireann agus Cumann Thionscal Mótair na hÉireann). Tá feachtas forfheidhmiúcháin sonraithe i bhfeidhm freisin faoi láthair bunaithe ar an eolas a cuireadh le chéile de bharr gearán agus ar shean-ghníomhaíochtaí imscrúdaithe.

## 2.2 Biotáillí a thruaillmheascadh:

Cuireann Alt 2 den Acht um Mharcanna Marsantachta, 1887, arna leasú ag an Acht um Fhaisnéis do Thomhaltóirí, 1978, cosc ar earraí le tuairiscí trádála bréagacha a dhíol. Fuarthas ceithre ghearán dhéag i 2006 gur rinneadh biotáillí a “chaolú le huisce”, nó nach raibh an méid sin alcóil sna deochanna is a bhí scríofa ar an mbuideál/mbosca. Mar chuid de na himscrúduithe, tógadh sampla den alcól agus seoladh isteach é chuig an Saotharlann Stáit le haghaidh anailíse. Níor thaispeáin aon cheann de na samplaí a rinneadh tástáil orthu i 2006 gur rinneadh na biotáillí a thruaillmheascadh. Bhí dhá imscrúdú fós le críochnú ag deireadh na bliana.

## 3. Téarmaí Éagóracha i gConarthaí Tomhaltóirí

Faoi na Rialacháin um Théarmaí Míthreoracha i gConarthaí Tomhaltóirí, 1995, is féidir leis an Stiúirthóir um Ghnóthaí Tomhaltóirí imscrúdú a dhéanamh ar na téarmaí agus coinníollacha a leagtar amach i gconarthaí tomhaltóirí agus iarratas a chur isteach ar Ordú Ard-Cúirte chun cosc a chur ar théarma a úsáid, nó úsáid a bhaint as go leanúnach nuair a bhreithníonn an Chúirt gur téarma éagórach é. Le linn na bliana, rinne OSGT imscrúdú ar 35 gearán, lena n-airítear forálacha éagóracha líomhnaithe i gconarthaí tithíochta agus teileachumarsáide. Is soiléir ó na himscrúduithe gur ghlac an chuid is mó de na conarthaí leis na Rialacháin iomchuí. Nuair a cuireadh aithne ar théarmaí éagóracha, rinne an gnóthaí áirithe leasú orthu nó tarraingíodh siar iad.



I gcás conarthaí tógála, fuair OSGT Ordú Ard-Chúirte i 2001 a d'ainmnigh 15 téarma i ngnáthchonarthaí tógála tí mar théarmaí éagóracha. I 2006, bheartaigh OSGT, i dteannta le Dlí-Chumann na hÉireann, na conarthaí tógála a theipeann orthu an tOrdú Ard-Chúirte ó 2001 a chomhlíonadh, a tharchuir chuig Coiste Gearán agus Caidreamh Cliant na hOifige, chun a bheith in ann bearta araíonachta a thabhairt i gcoinne na haturnaetha leasmhara. Níor tarchuireadh aon chásanna i 2006, toisc gur athraigh na haturnaetha na téarmaí éagóracha i ndiaidh treoracha a fháil ó OSGT.

Tá obair leanúnach á dhéanamh ar théarmaí éagóracha, mar a dtugtar orthu, san earnáil fóillíochta agus telecom (maidir le pacáistí áirithe a sholáthraíonn “gnáthamh neamhthreorach”).

#### 4. Reachtaíocht Phraghsála Táirgí

##### 4.1 Rialacháin um Phraghsanna Táirgí:

Baineann Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Riachtanais Chun Praghsanna Táirgí a Thaispeáint), 2002, le hearraí de gach saghas, lena n-áirítear grósaereachtaí agus míreanna tí. De réir na Rialachán seo, bíonn ar mhiondíoltóirí eolas glan soiléir ar phraghsanna táirgí a sholáthar do thomhaltóirí. Caithfear praghas aonaid (praghas in aghaidh aonaid tomhais ghinearálta) a sholáthar chomh maith nuair a dhíoltar earraí ar an mórchóir. Tugann na forálacha seo seans do thomhaltóirí comparáid a dhéanamh idir na praghsanna difriúla ar tháirgí iomaitheora. Bíonn ar gach miondíoltóir glacadh leis na Rialacháin seo cibé acu siopa nó ollmhargadh atá acu, nó nuair a dhíoltar táirgí tríd an post nó ar an Idirlíon.

Agus an reachtaíocht seo á chur i bhfeidhm ag OSGT le linn na blianta beaga anuas, chuir an Oifig aithne ar roinnt ailt reachtaíochta gur féidir léi iad a leasú chun débhríochtaí áirithe a réiteach agus chun feabhas a chur ar chosaint tomhaltóirí. Chuir an Oifig moltaí dá samhail in iúl don Roinn Fiontais, Trádála agus Fostaíochta. D'fhoilsigh an Roinn na moltaí seo mar chuid de dhoiciméad comhairliúcháin i nDeireadh Fómhair 2006, a seoladh chuig geallsealbhóirí chun a dtuairimí a lorg maidir le leasuithe Rialachán gur mhaith léi a chur i bhfeidhm.

Le linn 2006, lean OSGT ar aghaidh lena cur chuige dérianta chun Rialacháin Phraghsanna Táirgí a chur i bhfeidhm:

- tugadh cúnaimh do mhiondíoltóirí na Rialacháin Phraghsanna Táirgí a thuiscint chun ráta comhlíonta níos airde a bhaint amach, agus
- rinneadh measúnú ar chomhlíonadh reachtaíochta agus rinneadh iarracht é seo a bhaint amach.

Rinne OSGT súirbhéanna míosúla chun an ráta comhlíonta a leagadh amach. Tugadh cuairt ar timpeall is 120 áitreabh gach mí agus rinneadh súirbhéanna ar 450 táirge. Ina theannta sin, rinne OSGT spriocshúirbhéanna ar earnálacha áirithe chun an ráta comhlíonta a leagadh amach - cógaslanna, siopaí bronntanais, miondíoltóirí earraí leictreachais, siopaí seodóireachta agus siopaí cártaí beannachta. Tá achoimre ar na torthaí seo ar fáil i rannóg 4.3.

Nuair a theip ar mhiondíoltóirí glacadh leis an reachtaíocht go deonach, thug an Stiúrthóir imeachtaí dleathacha ina c(h)oinne. I gcúrsa 2006, rinneadh 19 miondíoltóir a ionchúiseamh toisc sárúithe ar na Rialacháin. Caitheadh amach cás amháin ar an gcoinníoll go dtabharfadh an gnó deonachán airgeadais do charthanas áirithe. Bhí 4 chás breise fós le réiteach ag deireadh na bliana.



#### 4.2 Taispeántas Praghais

Baineann Orduithe a leagtar amach faoi na hAchtanna um Phraghsanna, 1958 go 1972 leis an tslí ina ndéantar praghsanna agus táillí tráchtarraí agus seirbhísí a thaispeáint in áitribh dhifriúla, mar shampla (i) tithe tábhairne, (ii) ostáin agus bialanna, (iii) asraonta peitрил agus (iv) gruagairí. Is cion é tráchtarra a dhíol ar phraghas níos airde ná an praghas a thaispeántar. I 2006, rinne OSGT imscrúdú ar 5 ghearán tomhaltóirí a cuireadh isteach maidir le róluchtú. Rinne an Oifig roinnt suirbhéanna ar an ráta comhlíonta Orduithe chomh maith (féach rannóg 4.3).

#### (i) Taispeántas Praghais do Dheochanna

De réir an Ordaithe um Phraghsanna Miondíola a Thaispeáint (Deochanna in Áitribh Cheadúnaithe), 1999, bíonn ar áitribh ceadúnaithe liostaí praghsanna a thaispeáint. Cuireadh an tOrdú seo i bhfeidhm chun praghsanna dí a chur in iúl do thomhaltóirí agus chun iomaíochas a chur chun cinn. Le linn na bliana, rinne OSGT imscrúdú ar 78 tuarascáil a sholáthair eolas ar áitribh cheadúnaithe a theip orthu forálacha an ordaithe a chomhlíonadh. Ina theannta sin, rinne OSGT imscrúdú ar 863 áitreabh ceadúnaithe eile uaithe féin. Rinneadh trí shuirbhé le linn na bliana; i Márta (nuair a bhí cluiche rugbaí na 6 náisiún ar siúl i Lansdowne Road); Iúil / Meán Fómhair (mar chuid de thionscnamh an Rialtais chun spreagadh a thabhairt do ghnóthaí, a bpraghsanna rialta a choinneáil le linn an Choirn Ryder) agus i Samhain (rinneadh é i mBaile Átha Cliath 2). Nuair a theip ar mhiondíoltóirí an reachtaíocht a chomhlíonadh go deonach, chuir an Stiúrthóir tús le himeachtaí dleathacha (féach rannóg 4.3).

Bhí ar sé áitreabh ceadúnaithe déag pionós a íoc de bharr sárúithe ar an Ordú le linn 2006. Rinneadh ocht de na háitribh seo a chiontú i Nollaig 2005 ach níor glacadh le cinneadh maidir le pionóis go dtí Eanáir 2006. Bhí cinneadh fós le glacadh ag deireadh na bliana maidir le trí ionchúiseamh a cuireadh tús leo le linn 2006.

#### (ii) Taispeántas Praghais Lónadóireachta

De réir an Ordaithe um Phraghsanna Miondíola a Thaispeáint (Bia i gComhlachtaí Lónadóireachta), 1984, bíonn ar ghnóthaí a sholáthraíonn bia le n-ithe do thomhaltóirí san áitreabh praghasliosta uileghabhálach a chur suas lasmuigh den áitreabh. Le linn na bliana, rinne OSGT imscrúdú ar 54 ghearán maidir le sárúithe ar an Ordú seo. Nuair a cuireadh aithne ar shárúithe nó ar rudaí nár luadh sa liosta uileghabhálach seo, rinneadh iad a réiteach ar an bpointe. Rinneadh 410 imscrúdú réamhghníomhach san iomlán. Rinneadh 103 de na himscrúduithe mar chuid de na suirbhéanna thuasluaite a rinneadh in Iúil / Meán Fómhair 2006 (féach rannóg 4.3).

#### (iii) Praghanna agus Táillí a Chuireann Cáin san Áireamh

De réir an Ordaithe um Phraghsanna agus Táillí (Ráitis a Chuireann Cáin san Áireamh), 1973, caithfeadh cáin a chur san áireamh i bpraghsanna miondíola earraí nó seirbhísí a chuirtear ar fáil don phobal. Le linn 2006, rinne OSGT imscrúdú ar 48 cás faoin Ordú seo. D'admhaigh na miondíoltóirí a bhí i gceist gur theip orthu an riachtanas seo a chomhlíonadh agus réitíodh an scéal

#### Lucht dlí

Tugadh eolas d'OSGT go raibh pacáistí tíolactha ar fáil ó roinnt bheag aturnaetha, gan CBL a chur san áireamh. Is sárú ar an ordú é seo. I dteannta leis an obair a rinne OSGT chun comhlíonadh deonach a bhaint amach i gcásanna indibhidiúla, chuaigh an Oifig i dteagmháil le Dlí-Chumann na hÉireann chun é a chur in iúl dóibh go mbíonn ar a bhail glacadh leis an reachtaíocht a bhaineann le Cáin a Chur san Áireamh. D'fhoilsigh Dlí-Chumann na hÉireann alt in eagrán Iúil a Irise chun an t-ábhar seo a chur in iúl dá bhail.



### 4.3 Suirbhéanna Praghais

#### (i) Cleachtais fógraíochta i nGrúpaí Siombaile

I mBealtaine 2006, rinne OSGT suirbhé ar chleachtais fógraíochta i nGrúpaí Siombaile grósaeireachta maidir le “tairiscintí speisialta”. Theastaigh ó OSGT a fháil amach ach go háirithe an raibh na tairiscintí seo ar fáil i ngach siopa saincheadúnaí sa Ghrúpa.

Rinneadh suirbhé ar chúig Ghrúpa Siombaile. Thaispeáin na suirbhéanna seo gur ghlac na Grúpaí Siombaile seo le mórchuid na reachtaíochta agus bheartaigh OSGT go raibh go leor nósanna imeachta i bhfeidhm ag na Grúpaí Siombaile chun monatóireacht a dhéanamh ar thionscnaimh dá samhail.

#### (ii) Siopaí Cuimhneacháin agus Bronntanais

Roimh an séasúr turasóireachta 2006, rinne OSGT suirbhé ar shiopaí cuimhneacháin agus bronntanais chun a fháil amach :

- an raibh praghanna táirgí ar taispeáint mar a leagtar amach sna Rialacháin um Phraghsanna Táirgí, agus
- an ndéantar earraí a dhíol ar phraghsanna níos airde ná na praghanna ar taispeáint (Alt 7 den Acht um Fhaisnéis do Thomhaltóirí, 1978).

Tá achoimre torthaí ar fáil sa tábla thíos.

Limistéar	Méid siopaí a rinneadh suirbhé orthu	Méid siopaí a chomhlónaigh na Rialacháin go hiomlán	Céatadán comhlóna
Siopaí Bronntanais i mBaile Átha Cliath	41	38	98%
Siopaí Bronntanais lasmuigh de Bhaile Átha Cliath	63	55	87%
<b>Total</b>	<b>104</b>	<b>93</b>	<b>89.4%</b>

Nuair a thug iniúchóirí OSGT cuairteanna breise ar na siopaí seo, bhí na rialacháin á chomhlíonadh i ngach siopa taobh amuigh de shiopa amháin a dhún ina dhiaidh sin.

#### (iii) Suirbhé ar Shiopaí Leictreachais, Praghanna Táirgí agus Rialacháin DTLL

Tháinig na Rialacháin um Dramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach (DTLL) i bhfeidhm i Lúnasa 2005. Tá an Gníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC) freagrach as na Rialacháin seo a chur i bhfeidhm. De réir na Rialacháin um Phraghsanna Táirgí, caithefear an lánphraghas deiridh a chur síos i Euro i gcás gach táirge.

In Eanáir 2006, rinne OSGT suirbhé, i gcomhoibriú leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, chun a fháil amach an raibh na Rialacháin um Phraghsanna Táirgí agus na Rialacháin DTLL á chomhlíonadh ag asraonta miondíola earraí leictreachais.

Mar chuid den suirbhé, tugadh cuairt ar 223 áitreabh agus rinneadh scrúdú ar bhreis is 1100 earra. Thaispeáin an suirbhé gur chomhlónaigh 69% de na háitribh na Rialacháin um Phraghsanna Táirgí go hiomlán agus gur chomhlónaigh 43% acu na Rialacháin DTLL. Nuair a tugadh cuairteanna breise ar na háitribh seo, baineadh amach ráta comhlíonta de 93% agus 96% faoi seach.

Mar chuid den tionscadal seo, thug iniúchóirí OSGT comhairle do mhiondíoltóirí ar na riachtanais le comhlíonadh maidir leis na rialacháin seo agus tugadh bileoga dóibh freisin, a sholáthraíonn achoimre ar na riachtanais le comhlíonadh maidir leis na Rialacháin um Phraghsanna Táirgí agus na Rialacháin DTLL.



**(iv) Siopaí  
Seodóireachta**

Le linn Eanáir/Feabhra 2006, rinne an Oifig suirbhé ar an earnáil miondíola seodóireachta chun ráta comhlíonta a leagadh amach maidir le riachtanais Phraghsála Táirgí.

Rinneadh suirbhé ar 108 áitreabh; chomhlíonaigh 64% de na háitribh seo na Rialacháin agus comhlíonadh an reachtaíocht i gcás 87% de na hearraí a rinneadh suirbhé orthu. Ba iad roinnt de na saincheisteanna a cuireadh aithne orthu mar chúiseanna don ráta comhlíonta réasúnta íseal sna siopaí, ná an tslí ina ndéantar táirgí a thaispeáint agus a suíomh sa siopa, chomh maith le cúraimí slándála agus dliteanais árachais. Bhí eagla ar mhiondíoltóirí go mbrisfeadh daoine isteach dá gcuirfí earraí luachmhara ar taispeáint san fhuinneog. Bheadh orthu costais phréimhe árachais níos airde a íoc dá dtarlódh a leithéid. Rinneadh na saincheisteanna seo a phlé le linn cruinnithe le Seodóirí Miondíola na hÉireann (SME), agus mhol OSGT gur gá leo a gcúraimí slándála a chur in iúl don Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta bunaithe ar an athbhreithniú a rinneadh ar na Rialacháin um Phraghsanna Táirgí.

**(v) Cógaslanna**

I mBealtaine 2006, rinne OSGT suirbhé ar an earnáil chógasaíochta. Tugadh cuairt ar 100 cógaslann ar fud na tíre agus rinneadh scrúdú ar 1,000 earra. De réir an suirbhé, ghlac an chuid is mó de na cógaslanna leis na riachtanais a bhaineann le praghsanna a thaispeáint. Bhí fadhbanna áirithe ann áfach le praghsanna a thaispeáint do chosmaidí agus do chumhrán.

Le linn an suirbhé, thug iniúchóirí OSGT comhairle agus eolas d'úinéirí cógaslainne, lena n-áirítear moltaí ar conas praghsanna a thaispeáint go soiléir gan cur isteach ar an tslí ina ndéantar táirgí a chur i láthair. Mar chuid den suirbhé seo, bhuail OSGT le Cumann Cógaisíochta na hÉireann (CCÉ) chun torthaí an suirbhé a phlé agus bheartaigh an Cumann é a chur in iúl do chógasóirí go gcaithfeadh praghsanna a thaispeáint i slí soiléir a bhfuil teacht uirthi.

**(vi) Miondíoltóirí  
Cártaí  
Beannachta**

Roimh cártaí beannachta a chur ar díol i siopaí do Lá San Vailintín 2006, rinne OSGT suirbhé ar 123 áitreabh difriúil agus taispeánadh nach raibh na praghsanna go léir ar taispeáint do na cártaí seo i 25% de na hasraonta miondíola. Rinneadh scrúdú ar bhreis is 1000 cárta mar chuid den suirbhé. De réir na Rialacháin um Phraghsanna Táirgí, caithfeadh na praghsanna a thaispeáint do chártaí beannachta. Cuirtear praghasliosta suas in aice le seastán cártaí de ghnáth agus úsáidtear códuimhreacha do phraghsanna difriúla. I ndiaidh treoracha a fháil ó OSGT, d'éirigh le 95% de na hasraonta miondíola seo na rialacháin a chomhlíonadh go hiomlán.

**(vii) Suirbhé ar  
Lansdowne  
Road –  
Praghsanna  
Deochanna a  
Taispeáint**

I Márta 2006, nuair a bhuail Éire agus an Albain le haghaidh cluiche rugbaí idirnáisiúnta, rinne OSGT suirbhé chun a fháil amach an raibh an tOrdú um Thaispeántas Deochanna 1999 á chomhlíonadh ag áitribh cheadúnaithe in aice le Lansdowne Road. D'éirigh leis na 13 áitreabh a rinneadh imscrúdú orthu an reachtaíocht a chomhlíonadh.

**(viii) Suirbhé don  
Chorn Ryder –  
Praghsanna  
Deochanna &  
Lónadóireachta  
a Taispeáint**

Le linn na míosa roimh an Chorn Ryder, rinneadh suirbhé ar 46 áitreabh cheadúnaithe agus ar 56 chomhlacht lónadóireachta sa limistéar ag deireadh lúil agus tugadh cuairt eile ar na háitribh seo i lár Mheán Fómhair chun an ráta comhlíonta a bhunú maidir le hOrduithe Taispeántais. Cuireadh an tionscnaimh seo i bhfeidhm mar phlean Rialtais chun iarracht a dhéanamh cuairteoirí ar an gCorn Ryder a chosaint ó dhúshaothrú.

Taispeáin an suirbhé i Mí Iúil gur theip ar 50% de na háitribh cheadúnaithe an reachtaíocht um thaispeántas praghsanna a chomhlíonadh go hiomlán. Bhí praghasliostaí ar taispeáint ag 80% de chomhlachtaí lónadóireachta. Ag deireadh Iúil, scríobh an Stiúrtóir chuig na comhlachtaí ionadaíochta difriúla chun a chur in iúl dóibh go ndéanfaí na háitribh a ionchúiseamh, dá dteipfeadh orthu an reachtaíocht a chomhlíonadh le linn an dara





suirbhé. Tháinig feabhas mór ar an ráta comhlíonta le linn an dara suirbhé a rinneadh i Meán Fómhair – d'éirigh le 100% de chomhlachtaí lónadóireachta agus 93% de thithe tábhairne an reachtaíochta a chomhlíonadh. Bhí dhá ionchúiseamh a bhain leis an suirbhé seo fós le cur i bhfeidhm ag deireadh 2006.

**(viii) Suirbhé ar Thaispeántas Praghsanna i mBaile Átha Cliath 2 – reachtaíocht éagsúil ar thaispeántas praghsanna**

I Samhain 2006, rinne OSGT suirbhé ar bhreis is 150 gnó i Sr. Fhearchair / Sr. Camden agus thart timpeall, chun ráta comhlíonta miondíola a leagadh amach maidir leis na riachtanais reachtaíochta tomhaltóirí a bhaineann le taispeántas praghsanna / praghsáil táirgí. Taispeánadh rátaí comhlíonaithe difriúla ó 68% go 100% ag na gnóthaí difriúla, de réir na reachtaíochta a bhí i gceist.

**Rialacháin um Phraghsanna Táirgí**

Rinneadh suirbhé ar 97 siopa, agus as sin theip ar 30 acu an reachtaíocht a chomhlíonadh go teicniúil. Taispeánadh áfach gur chomhlíonaigh 83% den 1020 earra a rinneadh suirbhé orthu, na riachtanais a bhaineann leis na Rialacháin maidir le praghsanna a thaispeáint ar tháirgí indibhidiúla.

**An tOrdú um Thaispeántas Deochanna**

Tugadh cuairt ar 31 áitreabh ceadúnaithe ar an iomlán. D'éirigh le 25 de na háitribh seo na riachtanais a chomhlíonadh. Ní raibh aon phraghsanna le feiceáil i 5 áitreabh agus theip ar áitreabh amháin fógra a chur ar taispeáint faoin fhormhuirear a chuirtear ar dheochanna a dhíoltar go déanach san óiche.

**An tOrdú um Thaispeántas Lónadóireachta**

Bíonn ar chomhlachtaí lónadóireachta (nuair a sholáthraítear bia le n-ithe san áitreabh), praghasliosta a chur ar taispeáint do na deochanna agus don bhia a sholáthraíonn siad. Caithfear an praghasliosta seo a chur ar taispeáint lasmuigh den limistéar lónadóireanta chun na praghsanna a chur in iúl do chustaiméirí roimh deochanna agus bia a dhíol dóibh sa limistéar lónadóireanta. Thaispeáin an suirbhé go raibh an reachtaíocht á chomhlíonadh ag 43 den 47 áitreabh a tugadh cuairt orthu. Bhí praghasliosta ar bhiachláir ag an gceithre áitreabh gur theip orthu praghasliosta a bheith ar taispeáint lasmuigh den limistéar lónadóireanta acu.

**An tOrdú um Thaispeántas Gruagaireachta**

Thaispeáin an suirbhé go raibh praghasliostaí ar taispeáint san 4 sciamhlann a rinneadh suirbhé orthu.

**Gníomhaíochtaí breise**

Nuair a thaispeáin an suirbhé nach raibh an reachtaíocht á chomhlíonadh ag áitribh áirithe, tugadh cuairt bhreise orthu agus taispeánadh ansin go raibh an reachtaíocht á chomhlíonadh acu.

**5. Ríomhthráchtáil agus Ciandhíol**

Cé go bhfuil i bhfad níos mó daoine ag ceannach earraí ar líne, tá an reachtaíocht a rialaíonn ríomhthráchtáil agus ciandhíol níos tábhachtaí ná riamh cheana do thomhaltóirí Éireannacha. Déanann OSGT an reachtaíocht réamhghníomhach a chur i bhfeidhm go gníomhach, chomh maith le gearáin tomhaltóirí a phróiseáil.



### Suirbhé ar an láithreán gréasáin

I Samhain 2006, rinne OSGT suirbhé chun a fháil amach an raibh na Rialacháin um Ríomhthráchtáil agus Ciandhíol á chomhlíonadh ag miondíoltóirí gréasáin Éireannacha. Forbraíodh an suirbhé chun:

- rátaí comhlíonaithe a leagadh amach do na Rialacháin iomchuí,
- scrúdú a dhéanamh ar nósanna imeachta íocaíochta na miondíoltóirí,
- scrúdú a dhéanamh ar théarmaí seachadta, agus
- imscrúdú a dhéanamh ar pholasaithe cealúcháin agus aischiur isteach.

Rinne OSGT imscrúdú ar láithreáin ghréasáin dhifriúla chun athbhreithniú a dhéanamh ar an inneachar agus ar na hearraí a ceannaíodh agus a seoladh ar ais. Ón naoi láithreán gréasáin a rinneadh suirbhé orthu, theip ar chúig acu na riachtanais Ríomhthráchtála a chomhlíonadh toisc nár luadh uimhir CBL an mhiondíoltóra.

Faoi na Rialacháin AE (Cosaint Tomhaltóirí i Leith Conarthaí a leagadh amach bunaithe ar Chianchumarsáid), 2001, tá an ceart ag tomhaltóir ordú a chealú agus aisíocaíocht a fháil laistigh de seacht lá oibre i ndiaidh na táirgí a fháil. Tugtar “tréimhse shuaimhnithe” ar seo. Ón naoi ordú seo, seoladh amach seacht díobh, ach seoladh na hearraí ar ais arís agus leagadh amach aisíocaíocht oiriúnach; bhí fadhb le láithreán gréasáin amháin agus rinneadh an t-ordú a chealú; ní raibh teacht ar an earra sa chás deireanach agus soláthraíodh earra eile mar a cheadaítear de réir na Rialachán.

### Láithreáin Ghréasáin Charrchíosa

Fuair OSGT roinnt ghearáin tomhaltóirí a léiríodh go raibh neamhréiteacha praghsanna agus seirbhísí i gceist maidir le carranna a fháil ar cíos ar líne. Bhain roinnt de na gearáin le téarmaí agus coinníollacha neamhiomlána ar láithreáin ghréasáin, le táillí breise a bhí le híoc nuair a bailíodh na carranna agus easpa eolais maidir le hárachas. Bhí roinnt láithreáin ann freisin a chuir in iúl do thomhaltóirí nach raibh orthu airgead a íoc de bharr damáiste d'fheithiclí nó d'oiriúintí toisc go raibh Tarscaoileadh Damáiste Imbhualte (TDI) acu. Níor léiríodh go soiléir dóibh go raibh eisiatachtaí tábhachtacha i gceist, an ghloine agus na boinn ach go háirithe. Nuair a taispeánadh go raibh sárúithe i gceist, leasaíodh na láithreáin ghréasáin de réir treoracha OSGT.

I Meán Fómhair, bhuail OSGT leis an gComhairle Charrchíosa chun na saincheisteanna a bhain le gearáin tomhaltóirí a phlé. Dúirt An Chomhairle Charrchíosa go ndéanfaí deimhin de táillí éigeantacha a thaispeáint ar phríomhleathanach na láithreán gréasáin in úsáid ag na baill, seachas iad a liostáil ar leathanaigh eile. Ansin, bheadh seans ag tomhaltóirí cinneadh a dhéanamh go feasach toisc go mbeadh na táillí éigeantacha ar eolas aige/aici. Ghlac an Chomhairle freisin le scrúdú a dhéanamh ar na sainmhínte a thugtar ar láithreáin ghréasáin agus iad á leagadh amach i slí soiléir uileghabhálach, maidir le TDI agus ábhair árachais ach go háirithe.

### 6. Feasacht Chalaoise / Chamscéimeanna

Is ball den Líonra Idirnáisiúnta um Chosaint Tomhaltóirí agus Fhorfheidhmiú (LICTF) í OSGT. Is fóram ilnáisiúnta é seo do ghníomhaireachtaí forfheidhmiúcháin náisiúnta do thomhaltóirí a bunaíodh chun camscéimeanna idirnáisiúnta a chur de dhroim seoil. Mar chuid den obair a dhéantar go bliantúil chun camscéimeanna a chur in iúl do dhaoine go hidirnáisiúnta, rinne OSGT feachtas feasachta a lainseáil ar an 1 ú Aibreán, Lá na nAmadán. Seoladh póstaer agus bileoga chuig stáisiúin na nGardaí, leabharlanna, Ionaíod Eolais do Shaoránaigh, oifigí poist agus ionaid sláinte. Ina theannta sin, cuireadh eolas agus comhairle ar láithreán gréasáin OSGT faoin bhfeachtas seo. Mar chuid den obair seo freisin, ghlac foireann na hOifige páirt i seimineár in Ard Mhacha, seimineár a d'eagraigh a gcomhghleacaithe ó Sheirbhís na gCaighdeán Trádála i dTuaisceart na hÉireann agus ón Oifig Chóir-Thrádála i Londain.



## 7. Taisteal agus an tomhaltóir

Rinneadh iarracht an dallamullóg a chur ar an gcuid is mó de na daoine ó thaobh camscéimeanna difriúla de; tríd an r-phost, ar an teileafón, tríd an post nó ó dhoras go doras. Tá roinnt bheag de na camscéimeanna seo leagtha amach in Aguisín III.

Cé go bhfuil i bhfad níos mó tomhaltóirí ag pleanáil a socraíochtaí taistil féin agus ag eagrú a saoirí féin, tá a lán daoine ann fós gur mhaith leo saoirí láneagraithe a cheannach. Le linn 2006, seoladh 665 iarratas / gearán tomhaltóirí chuig OSGT maidir leis an Acht um Shaoirí Láneagraithe agus an Trádáil Taistil, 1995, a leagadh amach chun tomhaltóirí a chosaint agus iad ar saoire láneagraithe in Éirinn nó thar lear.

Bhain an chuid is mó de na gearáin seo le conarthaí indibhidiúla nár glacadh leo go hiomlán; níor sáraíodh dlíthe na tomhaltóirí. Baineann na saincheisteanna seo le dlí sibhialta agus ní mór do thomhaltóirí réiteach a fháil dóibh féin i gcomhoibriú leis an ngníomhaireacht taistil nó tionscnóir turas. Ní féidir le hOSGT na ceisteanna seo a réiteach. Sna cásanna seo, tabharfaidh OSGT comhairle do thomhaltóirí maidir lena gcearta, lena n-airítear eolas faoin Chúirt Mhionéileamh.

Nuair a sheoltar gearán isteach maidir le sárú ionchasach ar an Acht um Shaoirí Láneagraithe agus an Trádáil Taistil, go gcaithfear imscrúdú a dhéanamh air, déanann OSGT teagmháil leis an ngníomhaireacht taistil nó tionscnóir turas iomchuí. D'éirigh le hOSGT an chuid is mó de na saincheisteanna a bhain le tionscnóirí turas agus le gníomhaireachtaí taistil le linn 2006 a réiteach ar an bpointe, gan ionchúiseamh a lorg. Bhí ar thionscnóirí turas agus ar ghníomhaireachtaí taistil a mbróisiúir a athrú agus a láithreáin ghréasáin a nuashonrú i 17 cás. Mar thoradh ar seo, bhí tomhaltóirí in ann eolas níos soiléire a rochtain.

Is eanáil an-iomaíoch í an eanáil turasóireachta ina gcuirtear saoirí ar phraghsanna faoi ráta, chomh maith le tairiscintí speisialta ar fáil i gcónaí. Tugann OSGT comhairle do thomhaltóirí, a bhíonn ag iarraidh saoire láneagraithe a cheannach, scrúdú a dhéanamh ar na margaí difriúla chun comparáid a dhéanamh idir saoirí comparáideacha, agus ar an bpraghas iomlán chomh maith. Ní mór do thomhaltóirí a thabhairt faoi deara freisin nuair a bhíonn saoire láneagraithe á cheannach acu, gur gá leo na coinníollacha ceannaigh a léamh agus cóip a fháil de na coinníollacha seo. Tá tomhaltóirí faoi cheangal ag na coinníollacha seo agus tugann siad eolas tábhachtach do thomhaltóirí ar conas déileáil le saincheisteanna difriúla, mar shampla conas gearán a dhéanamh má bhíonn fadhbanna acu agus iad ar saoire. Má theipeann ar thomhaltóirí na nósanna imeachta a leagtar amach sna coinníollacha ceannaigh a leanúint, tá seans ann nach mbeidh siad in ann cúiteamh a lorg ón tionscnóir.

Tá méadú mór tagtha ar an méid daoine a cheannaíonn saoirí láneagraithe ó thionscnóirí turas agus ó ghníomhaireachtaí taistil ar líne. Go ginearálta, taispeánann an méadú seo go n-úsáideann níos mó daoine ná riamh an idirlíon chun a ngnó a stiúradh. Caithfear an tAcht um Shaoirí Láneagraithe agus an Trádáil Taistil a chomhlíonadh i gcás gach saoire láneagraithe, cibé acu ar líne nó go pearsanta a ceannaítear an saoire ó ghníomhaireacht taistil nó ó thionscnóir turas. Ina theannta sin, is féidir le tomhaltóirí comhairle OSGT a úsáid maidir le scrúdú a dhéanamh ar na margaí difriúla agus cóip a choimeád de choinníollacha ceannaigh an chomhlachta, is cuma an mhodha ceannaigh.

Toisc an méadú atá tagtha ar an méid inneall ceannaigh aerlínte ísealchostais agus cóiríochta, tá níos mó tomhaltóirí ag eagrú agus ag cur a saoirí le chéile iad féin. Déanann tomhaltóirí na margaí is fearr a bhaint amach, níl dáta speisialta nó áit speisialta ar intinn acu agus ceannaíonn siad a eiltí agus a gcóiríocht ar leithligh. Ba cheart do thomhaltóirí a thabhairt faoi deara nach dtagann na saoirí seo faoin Acht, toisc go bhfuil sainmhíniú an-chruinn leagtha amach san Acht don téarma "saoirí láneagraithe". Le linn 2006, tháinig méadú breise ar an méid iarratas a fuarthas ó thomhaltóirí a bhain úsáid as an idirlíon chun a saoirí féin a chur le chéile.



Rinne OSGT imscrúdú ar 110 cás a bhain le heitiltí a ceannaíodh ar líne de réir reachtaíochta ríomhthrádála, ciandhíola agus faisnéise tomhaltóirí. Rinne OSGT deimhin de gur réitíodh na fadhbanna go tapa, gur nuashonraíodh na láithreáin ghréasáin chun téarmaí agus coinníollacha na gcomhlachtaí a leagadh amach go glan soiléir agus gur tugadh eolas níos soiléire do thomhaltóirí.

## 8. Lipéadú bia

De réir Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Lipéadú, Léiriú agus Fógraíocht Bia-Ábhair), 2002, arna leasú, caithfear eolas áirithe a chur síos ar na lipéid a úsáidtear do bhia réamh-phacáistithe, lena n-airítear an t-ainm a úsáidtear; liosta comhábhar agus i gcásanna áirithe, an méid bia; an dáta as feidhm; glanmheáchan agus an tír bhunaidh mar cuirtear daoine amú mura gcuirtear na sonraí seo ar fáil. Is í OSGT ceann de na heagraíochtaí a oibríonn ar son Údaráis um Shábháilteacht Bia na hÉireann (USBÉ) chun an reachtaíocht lipéadaithe bia a chur i bhfeidhm.

### Suirbhéanna lipéadaithe bia

Rinneadh dhá suirbhé i 2006 faoi na Rialacháin um Lipéadú Bia chun bheith cinnte de gur comhlíonadh na Rialacháin. Bhain an chéad suirbhé le lipéadú táirgí bia le feoil iontu – de réir na Rialachán leasaithe a cuireadh i bhfeidhm i 2003, caithfear an saghas feola a chur síos ar an liosta comhábhar, m.sh. ‘muiceoil’ nó ‘mairteoil’. Ní fhéadtar an focal “feoil” a úsáid ina aonar a thuilleadh. Rinneadh imscrúduithe ar anraithí, miasa pasta, miasa ríse, curaithe, ispíní, miasa quiche agus araile in asraonta miondíola ar fud na tíre, ó delicatessen beaga go hollmhargaí móra.

Thaispeáin na himscrúduithe gur chomhlíonaigh an 182 táirge, gur rinneadh scrúdú orthu, an reachtaíocht go hiomlán. Rinneadh imscrúduithe breise ar na táirgí seo freisin, is le linn na himscrúduithe seo áfach, thaispeáin Iniúchóirí OSGT nach raibh an t-eolas éigeantach ar fad á sholáthar i gcás 5 chinn de na táirgí seo. Leasaíodh na lipéid seo de réir treoracha OSGT, gan ionchúiseamh a lorg.

Rinneadh imscrúdú ar an riachtanas don Ráiteas um Chainníocht Comhábhar (RCC) mar chuid den dara suirbhé. Taispeánadh roimh sin, gurb é seo ceann de na sárúithe is coitianta a bhaineann le lipéadú bia. Baineann an ráiteas seo le táirgí go gcaithfear an méid comhábhair (%) a chur síos ar lipéad an táirge, m.sh. nuair a úsáidtear an comhábhar san ainm nó nuair a chuirtear pictiúr den chomhábhar ar an bpacáistíocht.

Rinneadh imscrúduithe arís ar asraonta miondíola difriúla ar fud na tíre. Rinneadh suirbhé ar 175 táirge, lena n-airítear táirgí báicéireachta agus delicatessen, táirgí éisc, subha, anlainn agus maranáidí. Theip ar 21 de na táirgí seo an Ráiteas um Chainníocht Comhábhar a chomhlíonadh. Leasaíodh roinnt de na lipéid seo agus d'éirigh le 16 de na táirgí seo an ráiteas a chomhlíonadh ina dhiaidh sin. Fuair an Oifig gealltanais scríofa a léirigh go ndéanfaí na lipéid eile a leasú.



## 5. SÁBHÁILTEACHT TÁIRGÍ





## 5. SÁBHÁILTEACHT TÁIRGÍ

Tá OSGT freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar shábháilteacht na hearraí seo a leanas leith na dtreoracha AE iomchuí :

- bréagáin;
- trealamh cosanta pearsanta san earnáil fóillíochta agus tomhaltóirí (m.sh. clogaid rothair, seaicéid tarrthála, comhpháirteanna a forbraíodh le haghaidh úsáide trealaimh chosanta, m.sh. scagairí maisc agus araile);
- fearais gáis (m.sh. oighinn, téitheoirí, téitheoirí paitiú, fulachtóirí gáis); agus
- trealamh leictreachais ísealvoltais (nó an chuid is mó de na fearais leictreachais a úsáidtear sa bhaile nó san oifig).

Tá OSGT freagrach freisin as fhorálacha na Treorach Ghinearálta AE um Shábháilteacht Táirgí (TGST). Baineann an Treoir seo le táirgí neamhbhia agus cuireadh i bhfeidhm é ar an 15 Eanáir 2004. Ní mór d'oibrítheoirí (cibé acu déantúsóirí, dáileoirí, mórdhíoltóirí nó miondhíoltóirí a bhíonn i gceist) deimhin a dhéanamh de táirgí sábháilteachta a chur ar an margadh. Má thaispeántar gur féidir le táirge, a cuireadh ar an margadh, dochar a dhéanamh do shábháilteacht tomhaltóirí, ní mór don oibrítheoir an scéal a réiteach, lena n-áirítear an táirge a tharraingt siar / aisghairm ón mhargadh nuair is gá. Má dhéantar é seo, caithfeadh é a chur in iúl don Údarás Inniúil sa Bhallstát AE iomchuí. Cuireann an tÚdarás Inniúil é seo in iúl don Choimisiún Eorpach, agus tarchuirtear an t-eolas seo chuig na hÚdaráis Inniúla i mBallstáit eile an AE.

I 2006, rinne OSGT breis is 200 imscrúdú ar tháirgí a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do dhaoine. Rinneadh na himscrúduithe seo bunaithe ar ghearáin a fuarthas ón bpobal, ón earnáil iomchuí nó ó ghníomhaireachtaí forfheidhmiúcháin Eorpacha eile. Rinne OSGT roinnt de na himscrúduithe seo uathí féin freisin.

### RAPEX

Tugtar an “Córas um Mhalartú Eolais” (RAPEX) ar an gcóras a úsáidtear chun eolas a chur in iúl d'údaráis AE. Forbraíodh an córas seo chun go mbeadh na húdaráis monatóireachta mhargaidh ar fud na hEorpa in ann eolas a chomhroinnt, maidir le táirgí a meastar gur táirgí dainséaracha iad. Déantar eolas a chomhroinnt de bharr gníomhaíochtaí na n-údarás monatóireachta margaidh nó de bharr táirgí a rinne déantúsóirí iad a tharraingt siar /a aisghairm ón mhargadh.

De réir na hanailísí a rinne An Coimisiún Eorpach ar an gcóras RAPEX le linn na blianta seo caite, tagann timpeall is 50% de na táirgí dainséaracha a cuireadh in iúl ag na Ballstáit dhifriúla ón tSín. Bhuail an Coimisiún le hÚdaráis na Síne, i gcomhoibriú leis na Ballstáit, chun é a chur in iúl do na hÚdaráis gur gá feabhas a chur ar shábháilteacht na dtáirgí a sheoltar chuig an AE.

### Fógraí ó thíortha trasna na hEorpa

Tá OSGT (agus an GNT chomh maith) freagrach as an gcóras RAPEX in Éirinn. Déanann OSGT an t-eolas a fhaigheann sí ón gcóras RAPEX a dháileadh amach tríd a teagmhálaithe difriúla san earnáil agus do thrádálaithe. De réir na Treorach Ghinearálta um Shábháilteacht Táirgí (TGST) thuasluaite, ní mór d'oibrítheoirí (déantúsóirí, dáileoirí, mórdhíoltóirí, trádálaithe) é a chur in iúl d'OSGT nuair a bhíonn eolas acu faoi tháirgí ar fáil in Éirinn atá liostaithe sa chóras RAPEX.



Le linn na blianta seo caite, tá méadú mór tagtha ar an méid fógraí RAPEX a seoladh isteach. Tá an méadú seo bunaithe ar theacht i bhfeidhm na Treorach Ghinearálta um Shábháilteacht Táirgí i 2004 agus ar an eolas breise atá ar fáil do dhaoine ar shábháilteacht táirgí, chomh maith le méadú an AE. Tháinig méadú de 25% ar an méid fógraí RAPEX idir 2005 agus 2006.

Bliain	Méid fógraí a seoladh isteach
2003	139
2004	468
2005	847
2006	1051

Ón 1051 fógra a seoladh isteach i 2006, bhain 924 acu le táirgí a measadh gur táirgí andainséaracha iad – bhain na fógraí eile le táirgí meán-dainséaracha nó le cúiseanna eolais amháin. Bhain an chuid is mó de na fógraí RAPEX ó 2006 (breis is 85%) le táirgí nach bhfuil ar díol in Éirinn.

### Fógraí / aisghairmeacha táirgí a cuireadh tús leo in Éirinn :

Faoin Treoir Ghinearálta um Shábháilteacht Táirgí (TGST), ní mór do ghnóthaí atá ag feidhmiú in Éirinn agus a dhéanann táirgí a tharraingt siar ón mhargadh de bharr cúiseanna sábháilteachta de, é seo a chur in iúl don OSGT (agus don GNT chomh maith). Tá cead ag OSGT / an GNT comhlachtaí a ionchúiseamh mura ndéantar é seo. Ina theannta sin, is féidir le hOSGT / leis an GNT táirge a aisghairm nuair a cheapann sí gur féidir dochar a dhéanamh do thomhaltóirí. I 2006, d'eisigh OSGT 21 fógra a bhain le haisghairmeacha táirgí tríd an gcóras RAPEX (sonraí ar fáil in Aguisín IV). Is gá a thabhairt faoi deara áfach go gcuireann gnóthaí Éireannacha béim mhór ar shábháilteacht táirgí agus gurb iad na gnóthaí féin a chuir na haisghairmeacha ar fad ó 2006 in iúl don OSGT.

Bunaíodh dhá fhógra ar thionscnaimh mhonatóireachta mhargaidh a rinne Oifigigh Sláinte Comhshaoil ar uachtair chosmaide ina n-úsáidtear táirge éadromaithe craicinn neamhcheadaithe a d'fhéadfadh an craiceann a ghreannú. Rinneadh na huachtair seo a aisghairm go deonach i ndiaidh treoracha a fháil ó Oifigigh Sláinte Comhshaoil. D'eisigh OSGT 19 fógra breise a bhain le haisghairmeacha deonacha ag comhlachtaí Éireannacha. I roinnt chásanna áirithe, chuaigh OSGT i dteagmháil le comhlachtaí agus tugadh eolas dóibh ar conas aisghairmeacha a dhéanamh i gceart. Bhain na fógraí aisghairmeacha seo le roinnt mhór táirgí difriúla, lena n-áirítear coinnele, mótarfheithiclí, pacáistí ceallra do ríomhairí pearsanta glúine, cathaoireacha deice, citil, díritheoir gruaige, soilse agus luascáin do leanaí. Tá breis sonraí ar fáil ar na fógraí RAPEX difriúla ar láithreán gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh ar [http://ec.europa.eu/consumers/dyna/rapex/rapex\\_archives\\_en.cfm](http://ec.europa.eu/consumers/dyna/rapex/rapex_archives_en.cfm)

### Forbairtí Eile maidir le Sábháilteacht Táirgí

Seo iad a leanas roinnt thionscnaimh sábháilteachta táirgí a rinneadh obair orthu le linn 2006 :

- Cinneadh an Choimisiúin ar lastóirí toitíní indiúscartha, úrnuachta
- Caighdeán nua ar shábháilteacht éadaí linbh
- Caighdeán sábháilteachta a fhorbairt le haghaidh clogad d'imreoirí iománaíochta agus camógaíochta
- Cúraimí maidir le Micriothair agus Mionchuadrothair

### Cinneadh an Choimisiúin maidir le Lastóirí Toitíní

De réir Cinnidh an Choimisiúin Eorpach (2006/502/CE) ón 11 Bealtaine 2006, ní mór do Bhallstáit glacadh leis na pointí seo a leanas maidir le Lastóirí indiúscartha, úrnuachta :

- chun deimhin a dhéanamh de nach gcuirtear ach lastóirí leanbhdhíonacha ar an margadh, agus
- cosc a chur ar lastóirí úrnuachta a chur ar an margadh gur mhaith le leanaí iad..



Roimh Chinneadh a dhéanamh, thug an Coimisiún aird ar na guaiseanna a bhaineann leis na táirgí seo, lena n-airítear :

- na fadhbanna a chruthaítear nuair a bhíonn teacht ag leanaí ar na lastóirí, lena n-airítear tinte, gortuithe agus bás, agus
- an méid lastóirí a chuirtear ar an margadh, agus an dochar a dhéantar do shábháilteacht leanaí má úsáidtear iad mar bhréagáin.

Tháinig riachtanais Chinnidh an Choimisiúin in éifeacht ar an 12ú Márta 2007. Tugadh breis ama do Bhallstáit na bearta is gá a chur i bhfeidhm chun glacadh le Cinneadh an Choimisiúin. Ón 12ú Márta 2007 ar aghaidh, ní mór do Bhallstáit deimhin a dhéanamh de lastóirí leanbh dhíonacha a chur ar an margadh agus cosc a chur ar lastóirí úrnua.

Tá OSGT / an GNT freagrach as Cinneadh an Choimisiúin a chur i bhfeidhm in Éirinn. Seo a leanas an obair atá déanta ag an Oifig go dtí seo :

- seoladh litreacha chuig comhlachtaí ionadaíocha le baill a dhéanann lastóirí a a iompórtáil, a dháileadh amach nó a dhíol,
- eolas ar an bhfógra seo a sheoladh go dtí na sainirisí ceirde difriúla,
- cuireadh fógra ar láithreán gréasáin OSGT,
- seoladh fógraí chuig na comhlachtaí le socraíocht teagmhála le hOSGT,
- eolas a dháileadh amach d'asraonta miondíola trí chigirí OSGT agus a ngnáthobair fhorfheidhmiúcháin agus mhonatóireachta á dhéanamh acu, agus
- Cinneadh an Choimisiúin a fhoilsiú in Iris Oifigiúil OSGT ar an 19 Nollaig 2006 (leathanach 1294 ar fáil ar <http://www.irisioifigiuil.ie/>).

### Sábháilteacht Éadaí Linbh – Caighdeán Nua maidir le Cordaí agus Sreangáin Tarraingthe d'Éadaí Linbh

Sa Tuarascáil Bhliantúil 2002, léirigh an Stiúirthóir ag an am sin gur iarr an Choimisiún Eorpach ar Chomhlacht na gCaighdeán Eorpach (CED), (glacann ionadaithe ó na Comhlachtaí Caighdeánaithe Eorpacha difriúla páirt sa chomhlacht seo), caighdeán oiriúnach a fhorbairt d'éadaí linbh. I Samhain 2004, glacadh le caighdeán ar chordaí agus sreangáin tarraingthe d'Éadaí Linbh - GA 14682:2004. Ghlac an tÚdarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann (ÚCNÉ) leis an gCaighdeán Eorpach seo go foirmiúil mar Chaighdeán Éireannach C.E. GA 14682:2005 i Márta 2005.

Bheartaigh an coiste CEN, a d'fhorbair an caighdeán, go ndéanfadh idirthréimhse de 18 mí a thabhairt do chomhlachtaí idir an dáta foilseacháin agus cur i bhfeidhm an chaighdeáin sna Ballstáit dhifriúla. Thug an t-am seo seans do dhéantúsóirí éadaí a fhorbairt agus a chur le chéile i gcomhréir leis an gcaighdeán nua agus chun éadaí neamhcheadaithe a bhaint as tslabhra an tsoláthair, ón déantúsóir go dtí an tomhaltóir.

Tháinig an caighdeán nua in éifeacht in Éirinn i Meán Fómhair 2006. Ón dáta sin ar aghaidh, meastar gur theipeann ar foréadaí linbh riachtanais sábháilteachta na Treorach Ghinearálta um Shábháilteacht Táirgí (TGST) a chomhlíonadh nuair a sháraítear an caighdeán seo. San Earrach 2006, chuir comhlachtaí ionadaíocha na hearnálacha éadaigh agus miondíola in iúl dóibh go gcuirfeadh an caighdeán nua seo i bhfeidhm.

### Caighdeán ar Sábháilteacht Clogad Iománaíochta agus Camógaíochta

Sa Tuarascáil Bhliantúil 2004, dúirt an Stiúirthóir gur labhair sí leis an Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann (UCNÉ) agus leis an gCLG faoin easpa reachtaíochta maidir le clogaid iománaíochta. Nuair a d'iarr an CLG ar imreoirí sóisearacha clogaid a chaitheamh i gcónaí agus iad ag imirt iománaíochta, is soiléir go raibh riachtanas níos mó ann an caighdeán nua a chur i bhfeidhm. I ndiaidh an eolais seo a fháil ón Stiúirthóir, bhunaigh an UCNÉ grúpa oibre chun caighdeán iomchuí a fhorbairt. Ghlac ionadaí OSGT páirt sa ghrúpa oibre seo.

I Feabhra 2006, forbraíodh caighdeán le haghaidh clogaid iománaíochta agus glacadh leis an gcaighdeán seo le linn Comhdhála Earraigh an CLG. I nDeireadh Fómhair 2006, chuir an tAire Trádála agus Tráchtála an caighdeán seo i bhfeidhm go foirmiúil. Ón Bealtaine 2006 ar aghaidh, bíonn ar imreoirí faoi 21 bliana d'aois agus ar imreoirí camógaíochta faoi 18 bliana d'aois, clogad formheasta le garda aghaidhe a chaitheamh le linn cluichí agus traenáil CLG.





### Micrirothair agus Mionchuid

Sa Tuarascáil Bhlantúil 2005, tugadh achoimre ar an obair a rinne OSGT maidir leis na táirgí seo faoi fhorálacha na Treorach Ghinearálta um Shábháilteacht Táirgí. Labhair an Stiúrthóir go poiblí faoin dochar gur féidir leis na rothair seo a dhéanamh do leanaí, do choisithe agus d'úsáideoirí bóthair eile. Chuaigh OSGT i dteagmháil le hasraonta miondíola chun deimhin a dhéanamh de go ndéanfadh siad na rabhaidh iomchuí agus eolas sábháilteachta a sholáthar do thomhaltóirí. Stop miondíoltóir amháin á dhíol na micrirothair de bharr cúiseanna sábháilteachta. Bheartaigh cúig mhiondíoltóir déag na rothair a tharraingt siar go deonach bunaithe ar iarratas an Stiúthóra. Cé gur cion é faoi Alt 30 den Acht um Thrácht um Bhóithre 2004 feithicil ghluaiسته meicniúil do dhaoine faoi 16 bliana d'aois, thug an Stiúrthóir na sonraí ón suirbhé do Bhiúró Náisiúnta Trácht an Gharda Síochána, a tharchuir an t-eolas chuig na Ranna Gardaí iomchuí.

I 2006, thug An Coimisiún Eorpach an teideal “innealra” ar mhicrirothair. Dá bhrí sin, tagann siad laistigh de raon feidhme na Treorach ar Innealra agus is é an tÚdarás Sábháilteachta agus Sláinte (ÚSS) as an Treoir seo a chur i bhfeidhm. I Samhain 2006, d'eisigh OSGT agus an GNT comhráiteas preasa a chuir in iúl don phobal na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith i gceist maidir leis na hearraí seo. Rinneadh obair mar seo i roinnt Ballstáit eile.



## 6. CREIDMHEAS TOMHALTAIS






## 6. CREIDMHEAS TOMHALTAIS

### Idirghabhálaithe creidmheasa

Faoin Acht um Chreidmheas do Thomhaltóirí, 1995 (arna leasú) ní mór d'idirghabhálaithe creidmheasa cead a fháil ó OSGT (agus ón GNT i ndiaidh don Acht um Chosaint Thomhaltóirí a achtú) roimh saoráidí creidmheasa a chur ar fáil don phobal. Is idirghabhálaithe creidmheasa iad na daoine a fhaigheann creidmheas do thomhaltóirí i gcomaoine íocaíochta nó comaoine d'aon chineál, mar chuid dá gcuid oibre. Tá an chuid is mó d'idirghabhálaithe creidmheasa ag feidhmiú san earnáil mhótarfheithiclí le roinnt bheag acu ag feidhmiú in earnálacha miondíla eile, sna hearnálacha troscáin agus leictreachais ach go háirithe.

Ní mór d'idirghabhálaithe a n-údaruithe a thaispeáint go poiblí ina n-áitribh ghnó, agus ní mór dóibh sonraí scríofa a thabhairt don tomhaltóir maidir leis an gcomhaontú chomh maith le sonraí faoin institiúid airgeadais a oibríonn siad ar a son, roimh comhaontú a shíniú leis an tomhaltóir. Ní mór dóibh freisin a dtáill a chur in iúl don tomhaltóir. Tugtar comhairle do thomhaltóirí, idirghabhálaithe creidmheasa údaraithe a úsáid.

Fuair OSGT 1163 iarratas ar údaruithe idirghabhálaithe creidmheasa i 2006, i gcomparáid le 928 i 2005, méadú de 235 (timpeall is approx. 25%). Ina theannta sin, tháinig méadú de 204 iarratas (28%) ar an 724 iarratas a seoladh isteach i 2004. Taispeánann na figiúirí go bhfuil ag éirí go han-mhaith leis an earnáil seo, chomh maith leis an obair atá déanta ag OSGT ar thrádálaithe a léiríonn go bhfuil saoráidí creidmheasa á sholáthar acu, chun deimhin a dhéanamh de go gcomhlíontar an dlí.



### Suirbhéanna

Rinne an Oifig trí shuirbhé i 2006 chun an ráta comhlíonta reachtaíochta a leagadh amach.

Rinneadh an chéad suirbhé ar thrádálaithe a raibh údarú acu i 2005 agus a theip orthu iarratas a chur isteach ar údarú nua roimh Márta 2006. Tugadh cuairt ar an 91 trádálaí a theip orthu iarratas nua a chur isteach agus chuir 61 de na trádálaithe seo isteach ar iarratas nua ina dhiaidh sin agus eisíodh údarú dóibh. Stop na hidirghabhálaithe eile ag feidhmiú mar idirghabhálaithe creidmheasa: scoir siad nó chaill siad a ghnó nó a chomhlacht.

Rinneadh an dara suirbhé ar thrádálaithe a bhaineann úsáid as láithreán gréasáin áirithe, a soláthraíonn sonraí ar fheithiclí atá ar díol de réir trádálaithe agus tíre. Cuireadh 31,000 carr ar díol ar an láithreán gréasáin seo trí 758 déileálaí. Bhí áireamhán cíoscheannaigh ar fáil ar an láithreán gréasáin freisin chun aisíocaíochtaí míosúla feithiclí a chomháireamh. Taispeánann sé seo go raibh creidmheas nó saoráidí creidmheasa ar fáil ó na dtrádálaithe seo. Ní raibh údarú ag 151 de na trádálaithe seo creidmheas nó saoráidí creidmheasa a sholáthar do dhaoine. Thug iniúchóirí OSGT cuairt ar na trádálaithe seo, taispeánadh nach raibh maoiniú ar fáil ó 64 trádálaí, chuir 60 eile acu isteach ar údarú (fuair an chuid is mó de na trádálaithe seo údarú le linn na bliana), bhí gníomhairí á úsáid ag 20 trádálaí chun a mhaoiniú a eagrú, agus dá bhrí sin, ní raibh orthu glacadh leis an reachtaíocht. Stop an 7 eile a ngníomhaíochtaí gnó.



Rinneadh an tríú suirbhé ó 2006 ar fhógraí a foilsíodh i nuachtáin náisiúnta agus réigiúncha do tháirgí a chuir saoráidí creidmheasa ar fáil do thomhaltóirí. Rinneadh imscrúdú ar 68 nuachtán agus ar 391 fógra, agus is iad seo a leanas na torthaí:

- bhí idirghabhálaithe creidmheasa údaraithe freagrach as 327 de na fógraí seo agus ghlac na fógraí seo le forálacha fógraíochta an Achta um Chreidmheas do Thomhaltóirí, 1995 (arna leasú) (Rannóga 20/21).
- bhí idirghabhálaithe creidmheasa údaraithe freagrach as 57 de na fógraí seo ach níor ghlac na fógraí seo le forálacha fógraíochta an Achta. Rinneadh teagmháil leis na hidirghabhálaithe seo agus ní raibh ar an Oifig bearta breise a thógáil toisc gur leasaíodh na fógraí.
- Bhí trádálaithe freagrach as 7 de na fógraí (6 san earnáil mhótarfheithiclí agus ceann amháin san earnáil troscáin) a chuir creidmheas ar fáil do thomhaltóirí gan údarú bailíoch a bheith acu. Rinneadh teagmháil leis na trádálaithe seo agus chuir siad iarratas isteach ar údaruithe ina dhiaidh sin, a fuair siad i gceann tamaill bhig.

Cuireadh torthaí na suirbhéanna in iúl do Chumann Tithe Airgeadais na hÉireann. Dúirt siad freisin nach ndéanfadh a baill coimisiún a íoc d'idirghabhálaithe neamhúdaraithe, mar a leagadh amach cheana leis an Stiúrthóir um Ghnóthaí Tomhaltóirí. Tugadh faoi deara freisin go ndéantar níos mó iarratas a sheoladh isteach go trathúil agus go bhfuil idirghabhálaithe ag lorg teacht ar údaruithe níos tapúla freisin.

### Clár Poiblí

Coimeádann an GNT clár poiblí de na daoine a tugadh cead dóibh feidhmiú mar idirghabhálaithe creidmheasa. Is féidir leis an bpobal an clár seo a rochtain trí chuairt a thabhairt ar ár oifigí OSGT nó trí láithreán gréasáin na GNT ([www.consumerconnect.ie](http://www.consumerconnect.ie)). Tugtar comhairle do thomhaltóirí a n-úsáideann idirghabhálaithe chun creidmheas a fháil imscrúdú a dhéanamh ar an gclár poiblí seo chun deimhin a dhéanamh de go bhfuil an t-údarú ceart ag an idirghabhálaí áirithe.

### Geallearbóirí

Tá an Stiúrthóir freagrach freisin as cheadúnais gheallearbóra a eisiúint agus eisíodh cúig de na cheadúnais seo i 2006. Bhí dhá cheadúnais fós á phróiseáil ag deireadh na bliana. Thug Oifigigh OSGT cuairt ar áitribh na ngeallearbóirí le linn na bliana, chun deimhin a dhéanamh de go raibh téarmaí agus coinníollacha a gceadúnas á chomhlíonadh acu.

### Ionchúisimh

Níor rinneadh aon duine a ionchúiseamh san earnáil seo le linn 2006. Rinneadh Suburban Autos Limited a fháil ciontach i gcion áfach, faoi alt 2(2) den Acht um Mharcanna Marsantachta sa Chúirt Dúiche i mBaile Átha Cliath ar an 3ú Deireadh Fóhair 2006 agus rinneadh a údarú a aisghairm.

### Fáltais ó iarratais Cheadúnas / Údaraithe

Fuair OSGT glanmhéid de € 680,835 i 2006, i leith iarratas faoin Acht um Chreidmheas do Thomhaltóirí, 1995 (sonraí ar fáil in Agusín V).



## 7. CUMARSÁID





## 7. CUMARSÁID

### Líne chabhrach OSGT

Le linn 2006, cuireadh 37,228 glaoch teileafóin ar líne chabhrach OSGT maidir le saincheistean de gach saghas. Ina theannta sin, fuair an Oifig 5,914 iarratas breise tríd an post, R-phost agus ó dhaoine a thug cuairt ar an Oifig. Fuarthas 43,142 iarratas (féach ar an tábla) san iomlán, méadú de 4,141 (10.6%) i gcomparáid leis an méid iarratas a próiseáladh i 2005.

Bhí eolas agus comhairle á lorg ag an gcuid is mó de na daoine seo (timpeall is 95%). Bhí an 5% eile ag lorg gearán a dhéanamh maidir le sáruithe ar an reachtaíocht tomhaltóirí a d'fhéadfadh a bheith i gceist. Bhí ar OSGT imscrúdú a dhéanamh ar na gearáin seo.

Tugadh 95,677 cuairt ar láithreán gréasáin OSGT le linn 2006, méadú de 10% i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin.



## Sonraí ar na hiarratais/gearáin a seoladh isteach de réir catagóire

Mótarfheithiclí	5203	Teilifís Chábbla/Satailíte	504
Earraí Leictreacha	3770	Ceannach Tí	460
Éadaí/Oiriúintí/Coisbheart	3444	Seirbhísí Gairmiúla	362
Troscán	2323	Tirimghlantóirí	358
Praghsanna/Taispeántas Praghsanna	2118	Ostáin/Leaba is Bricfeasta	338
Teileafóin Phóca	1908	Míreanna/Saoráidí Cúram Linbh	327
Teileachumarsáid/Leathanbhanda	1696	Soláthraithe Fuinnimh	325
Airgeadas/Árachas	1500	Urlárlach	322
Earraí Tí	1476	Ciandhíol	254
Eitiltí	1355	Spórt/Fóillíocht	220
Feabhsúcháin Tí	1338	Siamsaíocht	174
Saoirí	1228	Gruagairí/Sciamhlanna	171
Ríomhairí & Bogearraí	1213	Táillí Dramhaíola	171
Míreanna Siamsaíochta Pearsanta	1144	Bréagáin	164
Dearbháin Bhronntanais/Nótaí Sochair	910	Sábháilteacht Táirgí	156
Taiscí/Fáltais	829	Carrchíos	141
Cumarsáid Gan Iarraidh	772	Cúrsaí Oideachais	129
Bia & Deoch	701	Peitreal/Díosal/Ola Téimh	122
Seodra	597	Eolas Ginearálta	1977
Fógraí	593	Saincheisteanna Eile	2349

**MÉID IOMLÁN 43,142**



## AGUISÍN







## AGUISÍN I

### CAINGNE CÚIRTE

Le linn 2006, thug OSGT 42 cás os comhair na gCúirteanna Dúiche. Bhuaigh sí 36 de na cásanna seo, cuireadh deireadh le 5 acu, agus glacadh leis an Acht um Chiontóirí i gcás amháin. Tá sonraí ar fáil thíos ar na gcaingne cúirte difriúla.

D'éirigh le hOSGT 8 de na cásanna ar an liosta seo (marcáilte le \*) a ionchúiseamh i Nollaig 2005. Bheartaigh an breitheamh cinneadh a dhéanamh maidir le fineálacha a eisiúint sna cásanna seo in Eanáir 2006. Cuireadh na caingne seo i bhfeidhm faoin Ordú um Phraghsanna Miondíola a Thaispeáint (Deochanna in Áitribh Cheadúnaithe), 1999.

### Ciontuithé agus Fineálacha na Cúirte Dúiche

#### An tOrdú um Phraghsanna Miondíola a Thaispeáint (Deochanna in Áitribh Cheadúnaithe), 1999

\*Langton Hotel Ltd., i leith cionta i Langtons, 69 Sráid Eoin, Cill Chainnigh.  
**Pionós €200. Costais €300.**

\*Grangemokler Holdings Ltd., i leith ciona i Lanigans, 28/29 Sráid an Ósta Róis, Cill Chainnigh.  
**Pionós €100. Costais €300.**

\*Hannah Byrne i leith cionta i Wm. Byrne's, 39 Sráid Eoin, Cill Chainnigh.  
**Pionós €200. Costais €300.**

\*Gatehalf Ltd., i leith cionta in Ostán Rivercourt, Droichead Eoin, Cill Chainnigh.  
**Pionós €200. Costais €300.**

\*Mac Mac Ltd i leith ciona sa Village Inn, Sráid Phádraig, Cill Chainnigh.  
**Pionós €100. Costais €300.**

\*S & M Ltd., i leith ciona sa Widow's Bar, 29 Sráid na Parlaiminte, Cill Chainnigh.  
**Pionós €100. Costais €300.**

\*Marahill Investment Co. Ltd., i leith cionta i Morrisseys, 20 Sráid an Ósta Róis, Cill Chainnigh.  
**Pionós €200. Costais €300.**

\*Bentleys Ltd i leith cionta sa Kilford Arms, Sráid Eoin, Cill Chainnigh, Co. Chill Chainnigh.  
**Pionós €200. Costais €300.**

Malinslade Ltd, i leith cionta sa Village Inn, 8 Corrán Grattan, Inse Chór, Baile Átha Cliath 8.  
**Pionós €250. Costais €300.**

Sean Noonan i leith cionta i Slatts, 126a Páirc Thír Chonaill, Inse Chór, Baile Átha Cliath 8.  
**Pionós €40. Costais €250.**

Parkgate Taverns Ltd, i leith cionta i Nancy Hands, 30-31 Sráid Gheata na Páirce, Baile Átha Cliath 8.  
**Pionós €500. Costais €250.**

Park House Hotel Ltd., i leith cionta sa Blue Bar agus i Boss Doyle's Bar, Ostán Tí na Páirce, Sráid Forster, Gaillimh.  
**Pionós €700. Costais €300.**

Linley Taverns Ltd., i leith cionta i Dempsey's, 61 Sráid Eoin, Cill Chainnigh.  
**Pionós €200. Costais €300.**

Aogain Ltd., i leith cionta in Egan's Bar, 45/46 Sráid Eoin, Cill Chainnigh, Co Chill Chainnigh.  
**Pionós €200. Costais/Costais Fhinné €400.**



**Rialacháin AE  
(Riachtanais a  
Bhaineann le  
Praghsanna Táirgí a  
Thaispeáint), 2002**

Iona Stores Ltd., i leith cionta in Eanáir 2006 i Spar, 176 An Cuarbhóthar Theas, Baile Átha Cliath 8.  
**Pionós €200 and Costais €250 móide CBL.**

Iona Stores Ltd., i leith cionta i mBealtaine agus Iúil 2006 i Spar, 176 An Cuarbhóthar Theas, Baile Átha Cliath 8.  
**Pionós €1,000. Costais €250.**

Run-Rite Ltd, i leith cionta i Spar, 6 Bóthar Mhuirfean, Droichead na Dothra, Baile Átha Cliath 4.  
**Pionós €900. Costais €300 móide CBL.**

Copper Cove Ltd, i leith cionta i Centra, Sráid an Dáma, Baile Átha Cliath 2.  
**Pionós €350. Costais €250.**

Edenville Trading Ltd., i leith cionta i Mace, Garáiste Texaco, Béal Átha hAmhnais, Co. Mhaigh Eo.  
**Pionós €400. Costais €750.**

James Cunniffe, i leith cion i G. Cunniffe & Sons, Búistéirí, An tSráid Mhór, Bealach an Doirín, Co. Ros Comáin.  
**Pionós €100.**

In Touch Promotions Ltd, i leith cionta i George Cosgrave Car Sales, 83 Sráid Dorset Íochtarach, Baile Átha Cliath 1.  
**Pionós €1,800. Costais €750 móide CBL.**

Moriarty Holdings Ltd., i leith cionta i SuperValu, 47-49 Sráid an Droichid Átha, Baile Bricín, Co. Bhaile Átha Cliath.  
**Pionós €700. Costais €300 móide CBL.**

Dunnes Stores Ltd., i leith cionta i Dunnes Stores, Siopalann Pavillion, Sord, Co. Bhaile Átha Cliath.  
**Pionós €3,850. Costais €1,210.**

Bernard Shankey, i leith cionta i Shankey's Quik Pick, 24 Sráid an Droichid, Muinchille, Co. an Chabháin.  
**Pionós €750. Costais €300 móide CBL.**

Peter Rogers i leith cionta i Rogers Londis, Bóthar Chúirt an Rí, Coill an Chollaigh, Co. an Chabháin.  
**Pionós €700. Costais €300 móide CBL.**

Donabate Supermarkets Ltd, i leith cionta i SuperValu, Aonad 5, An Lár, Domhnach Bat, Co. Átha Cliath.  
**Pionós €400. Costais €300.**

Raymond Kearney i leith cionta i Newsfare, Port Mearnóg, Co. Bhaile Átha Cliath.  
**Pionós €900. Costais €300.**

Black Earth Ltd., i leith cionta i Texaco, Port Mearnóg, Co. Baile Átha Cliath.  
**Pionós €750. Costais €300.**

Ann Doonan i leith cionta i Mace, Stáisiún Peitрил Rakeelan, Baile Chonaill, Co. an Chabháin.  
**Pionós €1,200. Costais €250 móide CBL.**

Derbyvale Ltd., i leith cionta in O'Callaghan's Centra, An tSráid Mhór, An Féar Bán, Co. Uíbh Fhailí  
**Pionós €1,800. Costais €242. Costais €250.**



Arman Retail Ltd, i leith cionta i Londis Top Shop, 130 Bóar Shéamais, Baile Átha Cliath 8.

**Pionós €3,000. Costais €250 móide CBL.**

Cecilia Stores Ltd., i leith cionta i siopa “Number 1”, Plás Theampall Chríost, Baile Átha Cliath 8.

**Pionós €800. Costais €250 móide CBL.**

Sean Carroll Garages Ltd., i leith cionta i Texaco, Bóthar Bhinn Éadair, Ráth Eanaigh, Baile Átha Cliath 5.

**Pionós €200. Costais €250 móide CBL.**

#### **An tAcht um Fhaisnéis do Thomhaltóirí, 1978**

Ard Services Ltd., i leith cionta i Statoil, Bóthar Chill Dhéagláin, “The Ward”, Co. Bhaile Átha Cliath.

**Pionós €500. Costais €250 móide CBL.**

Moriarty Holdings Ltd., i leith cionta i SuperValu, 47-49 Sráid an Droichid Átha, Baile Bricín, Co. Bhaile Átha Cliath.

**Pionós €100.**

#### **An tAcht um Mharcanna Marsantachta, 1887 arna leasú ag Alt 4(2) den Acht um Fhaisnéis do Thomhaltóirí 1978..**

Suburban Autos Ltd., i leith cionta i Suburban Autos Ltd., Ascaill Chnocán Aoibhinn, Ráth Maonais, Baile Átha Cliath 6.

**Pionós €400. Costais Finné/Costais: €1,100.**

#### **CÁSANNA A CUIREADH DEIREADH LEO**

##### **An tAcht um Fhaisnéis do Thomhaltóirí 1978**

Joyce’s Supermarkets Ltd, ag tradáil mar Joyces Supermarket, Cnoc na Carra, Gaillimh. Cuireadh deireadh leis an gcás ar an gcoinníoll go dtabharfadh an cosantóir €800 do dhá charthanas áitiúil agus go ndéanfadh sé/sí costais de €600 a íoc.

##### **Rialacháin AE (Riachtanais a Bhaineann le Praghsanna Táirgí a Thaispeáint), 2002 agus An tAcht um Fhaisnéis do Thomhaltóirí 1978**

Birr Supermarkets Ltd., ag tradáil mar Buckley’s SuperValu, 25 An tSráid Mhór, Biorra, Co. Uíbh Fhailí. Cuireadh deireadh le toghairmeacha faoin dá alt reachtaíochta ar an gcoinníoll go dtabharfadh an cosantóir €3,000 do charthanas áitiúil agus go ndéanfadh sé/sí costais de €1,000 a íoc móide CBL.

Rugal Retailers Ltd., ag tradáil mar Costcutter, An Chearnóg, Béal Átha na Muice, Co. Mhaigh Eo. Cuireadh deireadh le toghairmeacha faoin dá alt reachtaíochta.

#### **CÁSANNA INA GCUIREADH AN TACHT PRÍOMHAIDH I BHFEIDHM**

##### **Rialacháin AE (Riachtanais a Bhaineann le Praghsanna Táirgí a Thaispeáint), 2002**

Joseph O’Leary, ag tradáil mar Centra, 38 Sráid Camden Íochtarach, Baile Átha Cliath 2. Deonachán airgid de €250 don Ospideál Mhuire do Leanaí, Cromghlinn. Ina theannta sin, cuireadh ordú i bhfeidhm faoin Acht Príomhaidh.



## AGUISÍN II

Rinne OSGT imscrúduithe bunaithe ar ghearáin ón phobal nó ar imscrúduithe a chuir an Oifig i bhfeidhm. Cuireadh na cásanna réamhghníomhacha i bhfeidhm bunaithe ar shuirbhéanna sprioctha nó de bharr imscrúduithe a rinne imscrúdaitheoirí uathu féin.

<b>Imscrúduithe 2006 Catagóir</b>	<b>Gearáin</b>	<b>Réamhghníomhach</b>	<b>Méid Iomlán</b>
Rialacháin um Phraghsanna Táirgí	277	2529	2806
Taispeántas Praghsanna - Deochanna	78	863	941
Lipéadú Bia	77	549	626
Praghsanna Míthreoracha a Thaispeáint	455	30	485
Taispeántas Praghsanna – Lónadóireacht - Bialanna	54	410	464
Creidmheas Tomhaltóirí	32	257	289
Fógraí Míthreoracha	282	6	288
Taispeántas Praghsanna – Díosal agus Peitreal	40	183	223
An tAcht um Fhaisnéis do Thomhaltóirí (ginearálta)	151	11	162
Sábháilteacht Táirgí	117	86	203
Taispeántas Praghsanna - Gruagaireacht	19	115	134
Taisteal Láneagraithe	81	2	83
Ciandhíol	69	3	72
Ríomhthráchtáil	50	8	58
Téarmaí Éagóracha	35	0	35
An tAcht um Fhaisnéis do Thomhaltóirí (clogáil chairr)	26	3	29
Ordú a Chuireann CBL san Áireamh	24	5	29
Ordú Ceolchoirme agus Ticéid Obrádlainne	12	11	23
Lipéadú Teicstílí	0	22	22
Lipéadú Coisbhirt	1	18	19
Deoch Tanaithe	14	0	14
An tOrdú um Thailí Eitilte	9	0	9
An tAcht um Phraghsanna	0	5	5
An tAcht um Mharcanna Marsantachta	4	0	4
Rialacháin um Fhógraí Míthreoracha	3	0	3
Saincheisteanna laismuigh de théarmaí tagartha OSGT	215	3	218
An tAcht um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí	121	46	167
<b>Méideanna Iomlána</b>	<b>2246</b>	<b>5165</b>	<b>7411</b>



## AGUISÍN III

### CAMSCÉIMEANNA – ROINNT SAMPLAÍ

#### Uachtanna

Mar chuid de na hearraí agus na seirbhísí amhrasacha a bhí ar fáil, lig daoine orthu gur abhcóide nó aturnaetha iad a bhí ag lorg teagmháil a dhéanamh le gaolta daoine éagtha chun uachtanna na ndaoine seo a fhorghníomhú. Thosaigh an chuid is mó de na camscéimeanna seo san Afraic Theas. Cinnte déantar teagmháil le daoine ó am go ham chun airgead a ngaolta, nár bhuail said leo i bhfad, a thabhairt dóibh ach tugtar comhairle do thomhaltóirí a sonraí bainc nó a gcistí a choimeád faoi rún nuair a bhíonn siad á lorg ag daoine chun deifir a chur le páipéarachas.

#### Iascaireacht

Tugtar an téarma seo ar chamscéimeanna áirithe nuair a iarrtar ar thomhaltóirí a sonraí bainc agus/nó a sonraí pearsanta a sholáthar do dhaoine a ligeann orthu go bhfuil said ag obair do bhanc an duine seo. I ndiaidh tamaill bhig, is léir don duine seo nach óna mbanc féin iad na teachtaireachtaí seo agus gur goideadh airgead óna gcuntais.

#### Bobaireacht

Is cosúil le hlascaireacht é Bobaireacht: déantar leathanach gréasáin a chruthú atá cosúil le láithreán gréasáin bunaidh nó déantar cóip chruinn a chruthú. Déantar é seo chun an dallach dubh a chur ar dhaoine chun a n-eolas pearsanta a fháil.

#### Drugaí ar phraghas íseal

Is iad corparáidí cógaisíochta a dhéanann drugaí ar oideas de ghnáth. Bíonn ar dhaoine a lán airgid a íoc do chuid mhór de na drugaí seo. Tá taithí ag daoine ar dhruaí cineálacha atá i bhfad níos saoire ná drugaí brandáilte. Nuair a bhíonn ar dhuine a lán drugaí a cheannach dó/di féin, is féidir linn a thuiscint cén fáth go gceannódh said na drugaí cineálacha seo. Ach is drugaí lagmheasa iad seo ó am go ham, a chuireann isteach ar shláinte an duine.

#### Earraí Bréagacha

Déantar na hearraí seo a dhíol agus cuirtear lipéad orthu a léiríonn gur branda aitheanta fiúntacha iad. Níl dea-cháilíocht ar roinnt mhór de na hearraí seo ach cuirtear praghas ar-ard orthu d'ainneoin na faidhbe seo. Féadtar daoine a chur i ndainséar nuair a úsáidtear páirteanna bréagacha i mótarfheithiclí, innealraí difriúla agus araile. Níl na hearraí ag obair i gceart in a lán cásanna agus brisfeadh siad i gcás úsáide – féadfadh duine a ghortú nó a mharú. Caithfear a thabhairt faoi deara áfach go bhfaigheann tríú páirtithe ceadúnas ó dhéantúsóirí trealaimh páirteanna neamh-bhrandáilte a dhéanamh. Úsáidtear na hardchaighdeáin chéanna chun na comhpháirteanna seo a dhéanamh agus is féidir iad a dhíol go dlisteanach.

#### Crannchur

Sa chás seo, cuirtear in iúl do dhuine gur bhuaigh siad duais atá á choimeád i “dtaisce shlán”. Ansin, ní mór don dhuine táillí a íoc do na húdaráis náisiúnta mar dhea chun a bheith in ann an t-airgead a rochtain. I gcásanna áirithe, soláthraítear uimhreacha teileafóin agus bíonn gníomhaithe ar fáil chun glaonna teileafóin a fhreagairt. Mar sin de, ceapann na híospartaigh gur fíor-duais atá i gceist. Ar an drochuair, ní dhéantar an t-airgead a aistriú agus chuala OSGT gur chaill duine amháin breis is €10,000 agus iarracht á dhéanamh aige an “t-airgead buachana” a bhailiú.

#### Scéim Pirimide

Feidhmíonn na scéimeanna seo tríd íocaíocht aitheantais a lorg ó na rannpháirtithe. Ina dhiaidh sin, déanann na rannpháirtithe seo daoine eile a earcú ina dhiaidh sin. De ghnáth, is iad na daoine a glacadh leis an scéim i dtús báire a fhaigheann an t-airgead is mó. Cailleann na rannpháirtithe eile a h-airgead go léir de ghnáth. Is scéim fíorghrána í seo mar déantar gaolta agus cairde a earcú de ghnáth agus cailleann na daoine seo a h-airgead go léir. Bhí scéim pirimide i gCorcaigh sa nuacht i gcónaí, go luath i 2006.



## AGUISÍN IV

## AISGHAIRMEACHA TÁIRGÍ

## Aisghairmeacha Táirgí (Fógraí Airteagail 12)

Curtha in Iúl Ag	Táirge	Fadhb	Mí
Dunnes Stores	Foireann Choinnle Glioscarnach	Lasann dromchla na coinne agus an choinneal ar lasadh	Nollaig
Heatons	Coimeádáin Solais Tae Nollag	Lasann tine nuair a chuirtear solas tae sa choimeádán, de bharr an ghliú a úsáideadh le linn an phróisis déantúsaíochta	Nollaig
Argos	Debut Cayman Multigym (Foireann luasctha)	Úsáideadh plaisteach fochaighdeánach chun roinnt fáinní plaisteacha agus suíocháin luasctha a dhéanamh – i roinnt bhéag chásanna briseann na fáinní nó na suíocháin luasctha	Samhain
Peugeot	Peugeot 407	Ní fhanann sé i ngiar	Deireadh Fómhair
Renault	Renault Master 11	Scaoileann an cábla coscáin láimhe saor	Meán Fómhair
Dell	Paca Ceallra a thagann le ríomhairí pearsanta Dell – ríomhaire glúine	Faoi choinníollacha neamhchoitianta áirithe, is féidir leis ró-thé nó lasann tine de bharr cáithníní miotalacha	Lúnasa
An Roinn Sláinte & Leanaí	Bainne Állaithe Craicinn Clear Essence	Úsáideann an táirge seo hydroquinone, táirge éadromaithe craicinn neamhdhleathach	Lúnasa
An Roinn Sláinte & Leanaí	Paris Fair agus uachtar White Whitening	Úsáideann an táirge seo hydroquinone, táirge éadromaithe craicinn neamhdhleathach	Lúnasa
Chrysler	Voyager	Ní fhéadtar an gear páirceála a roghnú nó ní fhanann an carr i ngiar páirceála	Iúil
Renault	Megane II and Scenic II	Tógann sé níos mó ama an carr a stopadh. Níl na coscáin ag obair i gceart	Bealtaine
Argos	Citeal Scagtha Cookworks	Bhriseann eilimint an chitil nuair a úsáidtear é agus cruthaítear gearrchiorcad. Féadtar duine a scalladh má phléascann uisce té as an citeal	Bealtaine



## AGUISÍN IV

Curtha in Iúl Ag	Táirge	Fadhb	Mí
Nissan	Pathfinder agus Navara	Seafta Stiúrtha	Márta
Argos	Dírtheoir gruaige ceirmeach Visiq	Is féidir leis an corda leictreachais a scor - Priacal ó thurraing leictreach	Márta
Nissan	X-Trail	Fadhb le feadán líonta breosla	Feabhra
Argos	Feistiú Solais-Pláta Lani 4 Sholas	Priacal ó thurraing leictreach	Eanáir
Nissan	Pathfinder	Torcadh na boltaí sa seafta liáin go mícheart. Is féidir leis an seafta liáin scaradh soar	Samhain 2005*

## Aisghairmeacha / Táirgí a tarraingáíodh siar ón Mhargadh (táirgí le fadhbanna beaga)

Curtha in Iúl Ag	Táirge	Fadhb	Mí
Honda	Honda Civic 5 doras	Stopann an t-inneall agus tú ag tiomáint. Ní fhéadtar an t-inneall a atosú	Meán Fómhair
Dunnes Stores	Cathaoir Deice	Féadtar damáiste a dhéanamh do na méaranna	Meitheamh
Waterford Crystal	Criostal ó John Rocha	Briseann an criostal seo go tobann toisc lochta	Aibreán
Dunnes Stores	Lampa Raidió Pluston	Éiríonn na cnaipí ró-thé	Márta
Dell	Ceallra	Teas/deatach/lasair iomarcach sa phaca ceallra.	Nollaig 2005*

\* Cuireadh na haisghairmeacha seo in iúl ag deireadh 2005 ach ní dhearnadh iad a chur san áireamh sa chóras Rapex go dtí 2006. Cuirtear iad san áireamh sna figiúirí ó 2006.



## AGUISÍN V

SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA & RÁITEAS AIRGEADAIS

## Achoimre ar Ráiteas Airgeadais don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2006

	2006	2006	2005	2005
			€	€
<b>FOINSÍ IONCAIM</b>				
1 Deontas Stáitchiste ón Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta		4,289,000		4,137,000
2 Fáltais OSGT		693,237		570,437
<b>IONCAM IOMLÁN</b>		<b>4,982,237</b>		<b>4,707,437</b>
<b>CAITEACHAS:</b>				
3 COSTAIS RIARACHÁIN				
Tuarastail, Pá & Liúntais	2,633,101		2,504,887	
Taisteal agus Liúntais Chotheidhe	227,121		202,391	
Costais Teagmhasacha	21,548		26,131	
Forbairt Acmhainní Daonna	7,408		13,401	
Poist	11,214		5,748	
Teileachumarsáid	105,711		103,515	
Clódóireacht, Ceangal agus Soláthairtí Páipéarachais	21,349		35,670	
Soláthairtí Oifige	13,481		5,047	
Áitreabh Oifige	177,231		56,601	
Seirbhísí Comhairliúcháin	115,144		350,617	
Seirbhísí Tástála	5,795		1,660	
Fógraíocht agus Poiblíocht	8,888		7,172	
An Lárionad Eorpach do Thomhaltóirí	197,372		209,899	
Ríomhairiú	57,822		95,179	
An Oifig i gCorcaigh	0		11,979	
<b>CAITEACHAS IOMLÁN</b>	<b>3,603,185</b>		<b>3,629,897</b>	
<b>IONCAM IOMARCACH THAR CHAITEACHAS*</b>	<b>1,379,052</b>		<b>1,077,540</b>	

Nóta: \* De réir nósanna imeachta Cuntasaíochta an Rialtais, bíonn ar an Oifig na fáltais a luaitear faoi mhír 2 thuas a sheoladh isteach chuig an Stáitchiste, i dteannta leis an gcomhardú ag deireadh na bliana idir an Deontas Stáitchiste (mír 1 thuas) agus Costais Riaracháin (mír 3 thuas).





## AGUISÍN V

## FÁLTAIS

Iarratais ar Cheadúnais /  
Údaruithe

Fuair OSGT 1,163 iarratas ar údaruithe idirghabhálaithe creidmheasa i 2006, i gcomparáid le 928 iarratas i 2005, méadú de 235 iarratas (timpeall is 25%). Tháinig méadú ar an méid iarratas de bharr feachtais a rinne OSGT ar mhiondíoltóirí, a léiríonn go bhfuil saoráidí creidmheasa ar fáil uatha, chun deimhin a dhéanamh de go bhfuil an dlí á chomhlíonadh acu. Fuarthas ioncam iomlán de €680,835 i 2006 ó údaruithe agus ó cheadúnais. Déantar an figiúr seo a mhiondealú mar seo a leanas:

Méid	Saghas	
7	Ceadúnais Gheallearbóirí	€8,915
1165	Idirghabhálaithe Creidmheasa	<u>€673,200</u>
<b>Méid Iomlán</b>		<b>€682,115</b>
	Lúide Aisíocaíochtaí	<u>€1,280</u>
<b>Glanmhéid</b>		<b>€680,835</b>

## Fíneálacha agus Costais

I 2006, seoladh isteach fáltais de €12,402 maidir le costais a bronnadh ar an Stiúrthóir de bharr ionchúiseamh.

An tAcht um Chuntais a  
Íoc go Pras 1997

Faoi fhorálacha Ailt 12 den Acht um Chuntais a Íoc go Pras, 1997, bíonn ar OSGT ráiteas a fhoilsiú maidir lena chleachtais íocaíochta mar chomhlacht a fhaigheann cistiú poiblí. Déanann OSGT íocaíochtaí a thabhairt do sholáthraithe de réir na téarmaí íocaíota a leagadh amach. D'íoc OSGT €0.31 i 2006 le haghaidh árachais d'íocaíochtaí déanacha.

## Saoráil Faisnéise

Le linn 2006, cuireadh dhá iarratas isteach chuig OSGT ag lorg eolais faoi fhorálacha na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003. Rinneadh iarratas amháin a tharraingt siar agus an t-iarratas eile a dhiúltú.



## CAIRT EAGRÚCHÁIN

## Stiúrthóir um Ghnóthaí Tomhaltóirí: Ann Fitzgerald

	Seirbhísí Corparáideacha	Cur i bhFeidhm	Cumarsáid
<b>Príomhoifigeach &amp; Leas-Stiúrthóir</b>	John Shine		
<b>Príomhoifigigh Cúnta</b>		Catherine Lenihan Brendan Moylan Vacancy	
<b>Ard-Oifigigh Feidhmiúcháin</b>	Thomas Bourke Sean Manley (Training Officer) Peter Bates	Eileen O'Donoghue Ann Tisdall (CO) Tom Beakey Nicola Haran John Maher	Marie Kelly
<b>Oifigigh Feidhmiúcháin</b>	Piers Brand David Campbell Eamonn Madden	Philip Duggan Caroline Halpin Marian Wright Louise Merrigan Denis McGuinness Deirdre Fearon Louise Shally Ruth Maguire Michael McEaney Frank McNamara Nicky O'Meara Colette Whelan Richard O'Brien Jim Harpur Mary Coughlan Alexander Bowie Evelyn Galvin Liam Ryan Mary Sugrue John Hanley Anne-Marie Dunne Gemma Barnes (CO) Eileen Coulter (CO) Niamh Martin Vacancy	Elisa Goode
<b>Oifigeach Foirne</b>		Kathryn Chambers (CO) Vacancy	
<b>Oifigeach Cléireachais</b>	Paul Cannon Emmet Deegan Jason Kiernan	Terry O'Dempsey Josephine Lynch Fiona Gallagher Fionnuala Kehoe Paul Doran John Mernock	Adrian Rooney Kevin Campbell Maeve Lonergan Dermot Kavanagh Eileen Slevin (CO) Des O'Neill Susan Lynch Vacancy
<b>Oifigeach Seirbhísí</b>	Robert O'Reilly		



## AGUISÍN VI

### **REACHTAÍOCHT TOMHALTÓIRÍ A BHAINNEANN LE hOSGT / A CHUIREANN OSGT I BHFEIDHM**

#### **FÓGRAÍOCHT**

An Treoir um Fhógraíocht Chomparáideachta, 1997;  
Rialacháin AE (Fógraíocht Míthreorach), 1988;

#### **CREIDMHEAS TOMHALTAIS**

An tAcht um Chreidmheas do Thomhaltóirí, 1995 arna leasú ag Acht an Bhainc Cheannais agus Údarás Seirbhísí Airgeadais na hÉireann, 2003; Acht na nGeallearbóirí, 1964 arna leasú ag an Acht um Chreidmheas do Thomhaltóirí, 1995;

#### **EOLAS TOMHALTÓIRÍ**

An tAcht um Eolas do Thomhaltóirí, 1978 (arna aisghairm leis An Acht um Chosaint Thomhaltóirí, 2007);  
An tOrdú um Eolas do Thomhaltóirí (Fógraí do Taibhithe Ceolchoirme nó Amharclainne) 1997;  
An tOrdú um Eolas do Thomhaltóirí (Fógraí) (Nochtadh Leasanna Gnó), 1984;  
An tOrdú um Eolas do Thomhaltóirí (Díosal agus Peitreal) (Laghdú ar Phraghsanna Miondíola), 1997;  
An tOrdú um Fhaisnéis do Thomhaltóirí (Fógraí do Tháillí Eitilte) 2000;

#### **CLEACHTAIS SRIANTA**

An tAcht um Chleachtas Srianta (Leasú), 1987 (arna aisghairm leis An Acht um Chosaint Thomhaltóirí, 2007);

#### **COSAINN TOMHALTÓIRÍ**

An tAcht um Shaoirí Láneagraithe agus an Trádáil Taistil, 1995;  
Rialacháin AE (Cealú ar Chonarthaí a Idirbheartaíodh Laismuigh den Áitreabh Gnó) 1989;  
Rialacháin AE (Conarthaí do Chomhroinnt Ama i gCás Réadmhaoin Dhochorraithe) (Cosaint Ceannaitheoirí), 1997;  
Rialacháin AE (Conarthaí do Chomhroinnt Ama i gCás Réadmhaoin Dhochorraithe) (Cosaint Ceannaitheoirí) (Leasú), 2000;  
Rialacháin AE (Téarmaí Éagóracha i gConarthaí Thomhaltóirí), 2001;  
Rialacháin AE (Téarmaí Éagóracha i gConarthaí Thomhaltóirí), 1995;  
Rialacháin AE (Téarmaí Éagóracha i gConarthaí Thomhaltóirí) (Leasú), 2000;  
Rialacháin AE (Cosaint Thomhaltóirí i Leith Conarthaí a leagadh amach bunaithe ar Chianchumarsáid), 2001;  
Rialacháin AE (Treoir 2000. 31. CE) 2003; [Rialacháin Ríomhthráchtála]  
Rialacháin AE (Leasú ar I.R. Uimh. 68 de 2003), 2004;

#### **LIPÉADÚ BIA agus SÁBHÁILTEACHT BIA**

An tAcht um Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann 1998;  
Rialacháin AE (Lipéadú, Léiriú agus Fógraíocht Bia-Ábhair), 2002;  
Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Lipéadú, Léiriú agus Fógraíocht Bia-Ábhair) (Leasú), 2003 (I.R. Uimh. 257 de 2003);



Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Lipéadú, Léiriú agus Fógraíocht Bia-Ábhair) (Leasú) (Uimh.2), 2003 (I.R. Uimh. 451 de 2003);  
 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Lipéadú, Léiriú agus Fógraíocht Bia-Ábhair) (Leasú) (Uimh.3), 2003 (I.R. Uimh. 528 de 2003);  
 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Lipéadú, Léiriú agus Fógraíocht Bia-Ábhair) (Leasú), 2005 (I.R. Uimh. 228 de 2005);  
 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Lipéadú, Léiriú agus Fógraíocht Bia-Ábhair) (Leasú) (Uimh.2), 2005 (I.R. Uimh. 514 de 2005);  
 Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Lipéadú, Léiriú agus Fógraíocht Bia-Ábhair) (Leasú) (Uimh. 3), 2005 (I.R. Uimh. 647 de 2005);

### LIPÉADÚ DO THÁIRGÍ NEAMHBHIA

Rialachán AE (Lipéadú), 1996;  
 Rialachán AE (Ainmneacha agus Lipéadú do Tháirgí Teicstíle), 1998;

### TAISPEÁNTAS PRAGHSANNA/PRAGHAIS

An tAcht um Phraghsanna, 1958; An tAcht Praghsanna (Leasú), 1972 (arna aisghairm leis An Acht um Chosaint Tomhaltóirí, 2007);  
 An tOrdú um Phraghsanna agus Táillí (Ráitis a Chuireann Cáin san Áireamh), 1973;  
 An tOrdú um Tháillí a Thaispeáint (Gruagaireacht), 1976;  
 An tOrdú um Phraghsanna Miondíola a Thaispeáint (Bia i gComhlachtaí Lónadóireachta), 1984;  
 An tOrdú um Phraghsanna (Corrleigh Bhrabúis a Chobhsú do Mhiondíoltóirí Cairr), 1984;  
 An tOrdú um Phraghsanna Miondíola a Thaispeáint (Deochanna in Áitribh Cheadúnaithe), 1999;  
 An tOrdú um Phraghsanna Miondíola a Thaispeáint (Díosal agus Peitreal), 1997;  
 Rialacháin AE (Riachtanais a Bhaineann le Praghsanna Táirgí a Thaispeáint), 2002;

### SÁBHÁILTEACHT TÁIRGÍ

Rialacháin AE (Sábháilteacht), 1990 agus 1994;  
 Rialacháin AE (Fearais ina nDéantar Breoslaí Gásacha a Dhóigh), 1992 agus 1995;  
 Rialacháin AE (Trealamh Cosanta Pearsanta), 1993 agus 1994;  
 Rialacháin AE (Sábháilteacht Táirgí Ghinearálta), 2004;  
 An tOrdú AE (Aithrisí Bia) (Sábháilteacht), 1991;  
 Rialacháin AE (Trealamh Leictreachais Ísealvoltais), 1992 agus 1994;  
 An tOrdú um Thaighde agus Caighdeáin Tionscail (Cordaí Cochaill d'Éadaí Linbh), 1976;  
 An tOrdú um Thaighde agus Caighdeáin Tionscail (Sábháilteacht Dóiteáin) (Trosán Tís), 1995;  
 An tOrdú um Thaighde agus Caighdeáin Tionscail (Alt 44) (Gobáin Naíonáin), 1988;  
 An tOrdú um Thaighde agus Caighdeáin Tionscail (Alt 44) (Naíchoistí Linbh), 1983;  
 An tOrdú um Thaighde agus Caighdeáin Tionscail (Alt 44) (Éadaí Óiche Linbh), 1979;  
 An tOrdú um Thaighde agus Caighdeáin Tionscail (Alt 44) (Éadaí Óiche Linbh) (Leasú), 1979;  
 An tOrdú um Thaighde agus Caighdeáin Tionscail (Alt 44) (Téitheoirí Gáis Catalaíocha), 1984;  
 An tOrdú um Thaighde agus Caighdeáin Tionscail (Alt 44) (Oighinn Gháis), 1983;  
 An tOrdú um Thaighde agus Caighdeáin Tionscail (Alt 44) (Naíchoistí agus Bugaí Linbh), 1981;  
 An tOrdú um Thaighde agus Caighdeáin Tionscail (Tocsaineacht Pionsailí agus Ionstraimí Grafacha), 1983;  
 Rialacháin an Údaráis um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (Alt 28) (13A Plocóidí agus Cuibheoirí Athrúcháin le hAghaidh Tís), 1997;  
 Rialacháin an Údaráis um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (Alt 28) (Plocóidí Leictreachais, Gairis Inchurtha le Plocóidí agus Soicéid le hAghaidh Tís), 1997;  
 Acht an Údaráis um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann, 1996;



## AGUISÍN VI

***DÍOL EARRAÍ***

An tAcht um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí, 1980;  
Rialacháin AE (Díol Earraí Tomhaltais agus Ráthaíochtaí Breise), 2003;

***MARCANNA MARSANTACHTA***

An tAcht um Mharcanna Marsantachta, 1887, 1891, 1911, 1931 (arna aisghairm leis An Acht um Chosaint Tomhaltóirí, 2007);  
An tAcht um Mharcanna Marsantachta, 1970;  
An tOrdú um Mharcanna Marsantachta (Earraí Réamhphacáilte) (Marcanna agus Cainníochtaí), 1973 arna leasú le hOrduithe ina dhiaidh sin;

***REACHTAÍOCHT TOMHALTÓIRÍ ILGHNÉITHEACH***

An tAcht um Dhliteanas i Leith Táirgí Fabhtacha, 1991;  
Rialacháin AE (Dliteanas i Leith Táirgí Fabhtacha), 2000;  
An tAcht um Thrádáil Ócáideach, 1979;  
An tAcht Stampaí Trádála, 1980.



Oifig an Stiúirthóra Gnóthaí Tomhaltóirí (ODCA)

4 Bóthar Fhearchair, Baile Átha Cliath 2

Teil: (01) 4025500 Facs: (01) 4025501

Uimhir Lo-Call: 1890 220 229 Ríomhphost: [odca@entemp.ie](mailto:odca@entemp.ie)

ISSN: 1649-7287

PRN: A6/0781

Meán Fómhair 2007